

Ba mhian liom mo bhuíochas a ghabháil le gach éinne a chabhraigh liom leis an tionscnamh seo a chur i gcrích. I dtosach báire, ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an Dr. Mary Horgan i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, as ucht a cuid cabhrach ar fad. Ba mhór an phribhléid e a bheith faoina cúram. Chomh maith leis sin, ba mhian liom mo bhuíochas a ghabháil le bainistíocht na scoile a thug cead dom an t-eolas ar fad a lorg. Ach go háirithe, ba mhian liom inchur na scoláirí a aithint agus a mholadh. Scoláirí iad a a thug faoin dushlán go fonnmhar. Ar deireadh ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo mhuintir, ach go háirithe mo mháthair agus m'shear chéile. Gan a gcuid foighne agus tuisceana ní fhéadfaí an saothar a chur i gcrích.

Clár

Caibidil 1:Stair na Scoile .	3.
Caibidil 2: Léirmheas Litríochta	9.
Caibidil 3: Modheolaíoch	28.
Caibidil 4: Torthaí agus Anailís ar an Taighde	37.
Caibidil 5: Conclúid agus Moltaí	51.
Leabharliosta	59.
Aguisín 1	62.
Aguisín 2	63.
Aguisín 3	64.
Aguisín 4	67.
Aguisín 5	70.
Aguisín 6	71.

Múineadh agus Labhairt na Gaeilge in Aonad Ghaelcholáiste a fhiosrú

Caibidil 1: Stair na Scoile

Sa staidéar seo, déantar iniúchadh ar mhúineadh agus ar labhairt na Gaeilge in Aonad lán-Ghaeilge. Is í an aidhm bhunúsach leis an taighde seo ná iniúchadh a dhéanamh ar mheon agus tuairimí na scoláirí ar an nGaeilge agus teacht ar chúiseanna go gcasann siad ar a máthair-theanga nuair a bhíonn an deis acu. Díríodh an taighde ar Aonad Ghaelcholáiste amháin atá faoi choimirce an Choiste Ghairmoideachais. Osclaíodh an t-Aonad seo chun freastal ar dhá Ghaelscoil atá sa cheantar máguaird. Osclaíodh an mhórscoil sa cheantar seo i 1987. Bunaíodh an scoil de bharr éilimh a bhí sa cheantar ag an bpointe sin. Bhraith an t-Aire Oideachais, Gemma Hussey go raibh an Roinn ag caitheamh go flaitiúil leis an áit mar bheadh slí ann le haghaidh 400 dalta. Cheap sí nách mbeadh gá le foirgneamh níos mó riamh. Sa lá atá inniu ann, tá tuairim is 1400 ag freastail ar an scoil. Idir an dhá linn, bhí dhá Ghaelscoil sa cheantar máguaird. Níorbh fhada go raibh éileamh ar Oideachas trí mhéan na Gaeilge a chur ar fail ag léibhéal na h-iarbhunscoile.

Mar thoradh ar sin, socraíodh ar Aonad Gaelcholaiste a bhunú mar chuid den scoil iomláin. Osclaíodh an t-Aonad i 1991. Nuair a d'oscail an t-Aonad ar dtús ní raibh acu ach pasáiste amháin sa scoil ina raibh sé seomra ranga. Ceapadh 'Múinteoir i bhFeighil' chun cúraimí laethúla na háite a ghlacadh uirthi féin. Fós, bhí leas-Phríomhoide agus Príomhoide a bhí i bhfeighil na háite iomláine. De réir a chéile, tháinig ainm in airde ar an Aonad agus chuaigh líon na scolairí i méid bliain i ndiaidh bliana. Bhí éileamh ansin d'fhoirgneamh dá chuid féin do scoláirí an Ghaelcholáiste. Tosnaíodh feachtas sa cheantar agus cuireadh iarratas isteach chuig an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus taréis roinnt mhaith iarrachtaí agus plé, osclaíodh an foirgneamh nua i 2006. Sa lá atá

inniu ann, tá 346 scoláire ag freastail ar an nGaelcholáiste agus is é an ceann is mó cáil air timpeall na tíre. (www.Gaelscoileanna.ie(1))

Tá an taighdeoir seo ag múineadh san Aonad Ghaelcholáiste amháin. Níl ach triúr múinteoirí a mhúineann san Aonad amháin. Níl aon amhras ná ch gcabhraíonn sé seo le labhairt na teanga mar bíonn muinteoirí faoi bhrú ag dul ón Aonad go dtí an mhórscoil i gcaitheamh an lae. Tá dúshlán agus deacrachtaí ann ó thaobh labhairt na Gaeilge agus téann sé deacair ar mhúinteoirí agus ar bhainistíocht riail na Gaeilge a chur i bhfeidhm. Marsin, tá labhairt na Gaeilge ag dul i léig agus mar cheann bliana don chéad, dara agus tríú bliain sa scoil ba mhian leis an taighdeoir dúshlán na Gaeilge a thabhairt uirthi féin.

Sainmhíniú Aonaid Lán-Ghaeilge

Is aonad teangeolaíochta é an t-Aonad lán-Ghaeilge ina thumtar na scoláirí sa Ghaeilge ó thús go deireadh an lae scoile. Feidhmíonn an t-Aonad lán-Ghaeilge laistigh de mhórscoil gurb é an Béarla teanga cumarsáide agus teanga teagaisc na scoile sin. Is geall le scoil bheag é an tAonad atá á rith agus á reáchtáil trí mhionteanga fad is atá an mhórscoil á reáchtáil trí ghnáth-theanga an phobail. De ghnáth bíonn an t-Aonad lonnaithe ar an gcampas céanna leis an mórscoil agus go minic laistigh den bhfoirgneamh céanna. (www.Gaelscoileanna.ie(1))

Sainmhíniú mórscoile

Sa cháipéis seo, an sainmhíniú atá á thabhairt ar mhór-scoil ná iarbhunscoil lán-Bhéarla ina bhfuil Aonad lán-Ghaeilge (mar a leagtar amach thuas) ag feidhmiú. Is í príomhoide na scoile seo atá i gceannas ar bhainistiú na mór-scoile agus an Aonaid, cé go bhfuil Stiúrthóir i gceannas ar bhainistiú laethúil an Aonaid

Cóiríocht

Toisc gurb é príomhspríoc an Aonaid ná go mbeadh an Ghaeilge in úsáid go hiomláin i rith an lae scoile, go hidéalach ba cheart go mbeadh foirgneamh dá chuid féin ag an Aonad. Mura féidir sin a bheith ar fáil ba cheart go mbeadh ar a laghad géag nó síneadh neamhspleách dá chuid féin ag an Aonad. Is féidir go roinnfí na seomraí speisialta idir an tAonad agus an mhór-scoil.

Dar le Gaelscoileanna, ba cheart go mbeadh spás sóisialta dá chuid féin ag daltaí an Aonaid le haghaidh am sosa agus am lóin agus gurb í an Ghaeilge a bheadh in úsáid le linn na hamanta seo. Ba cheart chomh maith go mbeadh seomra foirne faoi leith ag múinteoirí an Aonaid, oifig riaracháin faoi leith don Aonad maraon l'Oifig don Stiúrthóir/Múinteoir i bhFeighil.

Gaelscolaíocht

Cad is brí leis an nGaelscolaíocht? Is cinnte go mbíonn go leor cainte ann faoin nGaelscolaíocht, ach an bhfuil aon tuiscint ann go ginéarála ar céard is Gaelscolaíocht ann? Dá gcuirfí ceist ar dhuine den phobal, seans go ndéarfadh sé 'Scoil a mhúineann trí Ghaeilge.' Má fhéachann tú ar cad atá le rá ag Gaelscoileanna, tugann sé soiléiríú ar an tuiscint ar céard is Gaelscolaíocht. Deir siad "Tá aidhmeanna breise ag an nGaelscolaíocht, áfach. Tá ionad breise inti ag an oidhreacht ghaelach a shaibhríonn an curaclam agus ag an teanga féin toisc í a bheith mar ghléas teagaisc. (www.Gaelscoileanna.ie(1))

Níl aon amhras faoi ach go bhfuil áit lárnach ag an nGaeilge, ní hamháin i gcumarsáid agus i dteagasc na Gaeilge agus na n-ábhar eile ach i gcód iompair na scoile freisin. Tá polasaí chomh maith ag an scoil chun an Ghaeilge a chur chun cinn:

Polasaí Gaeilge an Ghaelcholáiste

'Is áit ar leith an Gaelcholáiste agus bíonn sé de dhualgas ar gach scoláire Gaeilge a labhairt.'(Dialann Scoile:2009.:4) Is é príomh-aidhm an Ghaelcholáiste ná 'Oideachas lán-ghaeilge a chur ar fáil agus oidhreacht agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn. Is í an Ghaeilge teanga cumarsáide an Ghaelcholáiste agus spreagtar na daltaí chun í a labhairt an t-am ar fad.'(Dialann Scoile: 2009)

Tá éileamh ar áiteanna sa dhá scoil maraon l'ainm in airde ó thaobh caighdeán an oideachais a chuirtear ar fáil do na scolairí. Tá caidreamh an mhaith idir na múinteoirí agus na daltaí san Aonad ach faraor casann na daltaí ar an mBéarla a luaithe is a bhíonn droim na múinteoirí casta. Tá caighdeán ard Gaeilge i measc na múinteoirí agus meon an dearfach acu i leith na teanga. Labhraítear Gaeilge ins na seomraí ranga. Marsin is é an dúshlán atá ann ná amanta sosa. Faoi láthair, bíonn coiméad ar siúl sa Ghaelcholáiste dos na daoine a thaobhaíonn an Béarla i rith na seachtaine. Chomh maith leis sin, eagraítear comórtas i labhairt na Gaeilge do na ranganna sóisearacha ar fad thar tréimhse sé seachtaine i rith na bliana. Bíonn géar-iomaíocht idir na ranganna sa chomórtas seo mar bíonn turas chun na pictiúrlainne mar dhuais do na buaiteoirí. Is iomaí rud éagsúil a thiteann amach sa Ghaelcholáiste i rith na scoilbliana. Gach bliain téann grúpaí go Corca Dhuibhne i gCo. Chiarraí ar thuras oideachasúil chun na Gaeltachta le haghaidh an deireadh seachtaine. Cuireann na scolairí snas ar a gcuid Gaeilge agus blaiseann siad oidhreacht agus cultúr na Gaeltachta chomh maith. Bíonn na daltaí ag cur fúthu le mná tí an cheantair máguaird agus feiceann siad na suíomhanna cáiliúla, Ionad an Bhlaoscaid Mhóir agus Gallarus ina measc. Ina cheann sin, cuirtear an G-factor ar siúl. Comórtas Gaelainne idir múinteoirí mórscoile is ea an G-factor. Dhein cúigear múinteoirí nách labhraíonn Gaeilge de ghnáth iarracht a gnó ar fad a dhéanamh trí Ghaeilge. Is comórtas ceoil, damhsa agus drámaíochta é Scléip agus glacann daltaí

idirbhliana an Ghaelcholáiste páirt ann gach bliain. I mbliana, insíodh scéalta greannmhara ó charachtair na sí scéalta. *'Níl sí gan locht'* an t-ainm a bhí ar an dráma. Tá an ceol mar dhlúthchuid de shaol an Ghaelcholáiste. Bíonn an banna ceoil traidisiúnta ag seinm gach Aoine ag am lóin agus nuair a bhíonn ócáidí scoile ar siúl. Tá dhá chór ag an scoil agus cúpla bliain ó shin tugadh cuireadh dóibh seinm do na hAirí Eorpacha i mBaile Átha Cliath. Sheol an Gaelcholáiste dlúthdhiosca i gcomhpháirt le John Spillane. *'Irish songs we learned at school'* an t-ainm atá air. Cuirfear níos mó béime fós ar an nGaeilge i rith Seachtain na Gaeilge. Eagraítear an chuid imeachtaí i gcaitheamh na seachtaine. Ina measc bíonn Tráth na gCeist don dara bliain, Céilí don chéad bhliain, Comórtas na bPosteirí don chéad bhliain. Chomh maith le sin tagann cuairteoirí le haghaidh na seanchaíochta chun scéalta sean-nós a insint do na scoláirí agus eagraítear comórtas díospóireachta idir-ranga. Cabhraíonn na rudaí seo ar fad chun an t-atmaisféar gaelach a chaomhnú sa scoil, chomh maith leis an atmaisféar a leathnú chun na Mórscóile.

Marsin, ní mór don taighdeoir a admháil go bhfuil an Ghaeilge á chaomhnú sa scoil agus go bhfuil meas ag an daltaí ag an teanga agus ar a gcultúr. Ach fós tá dúshlán ollmhór ann ó thaobh labhairt na Gaeilge go laethúil.

Ag an bpointe seo tá trí phríomh-cheist le cur;

1. Cad é meon na ndaltaí i leith na Gaeilge sa scoil?
2. Cad iad na dúshláin a bhaineann leis an nGaeilge a chur chun cinn?
3. Conas is féidir feabhas a chur ar labhairt na teanga sa scoil seo?

Sa chéad chaibidil eile, féachfar ar an taighde atá déanta cheana féin, pléifear an áit atá ag an nGaeilge sa Chóras Oideachais, ach go háirithe i scoileanna a mhúineann trí Ghaeilge. Déanfar suirbhéanna agus cuirfear agallaimh ar scoláirí san Aonad faoi

chaibidil chun teacht ar thuiscint níos fearr ar a dtuairimí faoin teanga. Scagfar an t-eolas agus déanfar anailís ar thorthaí an taighde i dtreo is go bhféadfaí moltaí a thomhas agus a chur i bhfeidhm sa scoil amach anseo.

Caibidil 2-Léirmheas Litríochta

Sa chaibidil seo, tabharfar sainmhíniú ar an dátheangachas agus ar an tumoideachas.

Pléifear múineadh na Gaeilge ins na scoileanna Béarla agus na scoileanna Gaeilge,

Labhrófar faoin aitheantas agus an meon i leith na Gaeilge chun teacht ar thuiscint ar an

áit atá ag an nGaeilge i bpobal na n-Aonad agus chun teacht ar chúiseanna le haghaidh

na bhfadhbanna a ghabhann le labhairt na teanga. Tabharfar aghaidh ar na dúshláin a

ghabhann le labhairt na teanga chun teacht ar thuiscint níos doimhne ar an ábhar idir

lámhe.

Dátheangachas

Céard is brí le dátheangach? Is ceist chasta í sin, ar ndóigh. Tá an méid sin sainmhínithe

ar an téarma go bhfuil sé deacair an coincheap a mhíniú go sásúil. Má fhéachaimid ar

dhuine ón nGaeltacht a bhfuil Gaeilge ó dhúchas aige agus Béarla aige chomh maith, ach

iad gan léamh ná scríobh, an bhféadfá a rá go bhfuil an duine sin dátheangach? De réir

dealraimh, tá níos mó ná 60% de dhaonra na cruinne dátheangach and is éard is brí le

sin ná go n-usáideann siad dhá theanga nó níos mó ina saol laethúil.

(www.Gaelscoileanna.ie(2))

Marsin, an mbaineann dátheangachas le bheith ar chumas an duine dhá theanga a

usáid? Dar le Ní Dhonnabháin (2013:31) Tá réimse fíor-leathan cumais I gceist más

amhlaidh an scéal, ón duine atá ábalta cúpla focal a rá go dtí an té atá ábalta cumarsáid

iomláin a dhéanamh, nó an té atá cumasach sa dhá theanga. Is téarma coibhneasta é an

dátheangachas. Os rud é go bhfuil sé deacair sainmhíniú cruinn a thabhairt ar

dátheangachas féachtar air mar chuid de chontanam. Faraor, ní minic a bhíonn dhá

theanga ag an leibhéal céanna líofachta ag aon duine a bhfuil ar a gcumas dhá theanga a

labhairt. Is minic a bhíonn duine dhátheangach níos mó ar a s(h)uaimhneas nuair a

bhíonn siad ag labhairt faoi ábhair éagsúla i dteanga amháin nó i dteanga eile. Ach, b'fhéidir gur fiú féachaint ar an sainmhiniú seo ó Bhaker *et al*:

'To expect someone to be exactly equally fluent in two languages is a simplistic view of bilinguals. Bilinguals are sometimes expected to be two monolinguals inside one person. This viewpoint is unreal and mistaken'. (1998:13)

An t-Oideachas Dátheangach

Céard is brí le Oideachas dátheangach? Tá an chuid saghasanna oideachais dátheangach ann chomh maith. Dar le Cummins(2008) is clár pleanáilte oideachais é a usáideann dhátheanga nó níos mó i dteagasc na bpáistí.

Is é an rud a idir-dhealaíonn cláracha dhátheangacha ná go n-usáidtear na teangacha chun ábhair eile a mhúineadh seachas an teanga féin a mhúineadh. Téann oideachas dátheangach siar go dtí aimsir na Rómhanach. (Boylan:1998)

Is féidir oideachas dátheangach a chur i bhfeidhm ag aon léibhéal ó naíonra go dtí an tríú leibhéal. Bíonn aidhmeanna éagsúla ag cláracha éagsúla. I roinnt cláracha, is í an aidhm atá ann ná líofacht sa dhá theanga, i gcláracha eile, ní bhíonn aidhm marsin. I gcoitinne, is dócha gurb é an rud atá i gceist ná oideachas trí dhá theanga. Tá dhá shórt dátheangachais idir-dhealaithe. dátheangachas atá dealaíoch no dátheangachas atá suimíoch.(Cummins:2008)

Sa dátheangachas atá suimíoch, cuirtear teanga leis an máthair theanga agus bíonn tionchar dearfach ag an teanga ar fhorbairt an pháiste, sé sin le rá, gur féidir leis an bpáiste feidhmiú sa dhá theanga. Bíonn go leor teangmhála ag páistí i nGaelcholáistí leis an nGaeilge chun an lámh in uachtar atá ag an mBéarla a shárú, le go mbainfí dátheangachas suimíoch amach. Sa dátheangach dealaíoch, glacann an teanga nua áit na máthar-teanga agus bíonn droch-thionchar ag an teanga nua ar fhorbairt an pháiste, sé sin le rá, go n-éiríonn foghlaim na teangan smidiríneach. Labhraíonn Cummins faoi

dhátheangachas agus faoin 'Dual Iceberg' Model of Bilingualism.' In aigne an pháiste, ta nasc idir an dhá theanga.. Má thuigeann páiste rud i dteanga amháin, cabhraíonn sé leo an focal a fhoghlaim sa teanga eile. Má fhorbraíonn páiste scil i dteanga amháin beidh ar a c(h)umas an scil sin a usáid i dteanga eile.(Cummins:2008)

Ní féidir a shéanadh ach go bhfuil lear mór buntáistí ag gabháil le oideachas dátheangach. Tá sé cruthaithe go bhfuil sé i bhfad níos fusa seilbh a ghlacadh ar an tríú agus ar an gceathrú teanga má tá dhá theanga agat cheana féin. Luann Baker 10 mbuntáiste leis an Oideachas Dátheangach.

'Buntáistí an Oideachais Dátheangai

Seo a leanas roinnt de na buntáistí atá aitheanta sa taighde idirnáisiúnta:-

Buntáistí an Churaclaim

- 1. Gnóthachtáil mhéadaithe churaclaim*
- 2. Níos éasca an tríú agus an ceathrú teanga a shealbhú*

Buntáistí Cumarsáide

- 3 An Dátheangachas (cumas dhá theanga a labhairt go líofa)*
- 4. Litearthacht i dhá theanga (léamh agus scríobh i dhá theanga)*
- 5. Cumarsáid níos forleithne (teaghlach, pobal, cairde, fostaíocht).*

Buntáistí Chultúrtha

- 6. Inchultúrú níos forleithne (ag foghlaim agus ag glacadh fút féin luachanna chultúr eile); ilchultúrachas níos doimhne; Caoinfhulaingt chultúir eile níos fearr*

Buntáistí Cognaíocha

- 7. Buntáistí smaointeoireachta (cruthaitheacht, íogaireacht chumarsáide)*

Buntáistí Charachtair

- 8. Féin-mhuinín níos airde*
- 9. Diongbháilteacht Féiniúlachta*

Buntáistí Airgid

- 10. Buntáistí eacnamaíochta agus fostaíochta.'*(Baker:2008:1).

Curaclaim Comhtháite

I dtaighde atá déanta ag Ó Duibhir agus Harris (2011) ar churaclam comhtháite, tá an chuid rudaí comónta idir teangacha. Sa bhealach seo, d'fhéadfaimis an chuid eolais a threascair idir na teangacha. Sa tslí sin níl aon ghá aon rud a mhúineadh faoi dhó. Tá an N.C.C.A (Rialtas na hÉireann:2010) ag moladh curaclam trí Ghaeilge ar dtús. Ansin, múinfear na rudaí sa Bhéarla nách bhfuil treascairt leo sa Ghaeilge. Marsin, tabharfar deis do scoláirí dul i ngleic leis an nGaeilge ar dtús gan faillí a dhéanamh ar an mBéarla.

Féachfar anseo ar taighde atá déanta cheana féin a léiríonn nách bhfuil droch-thionchar ar an ábhar féin nuair a mhúintear é trí L2.

Tá cuid mhaith den fhianaise ar an rath seo bunaithe ar mheasúnachtaí ar chlár a chuireann in iúl nach mbíonn aon drochthionchar ar scileanna T1, matamaitice ná eolaíochta na ndaltaí a ghlacann páirt i gclár tumoideachais. (Cummins:2008:)

Tumoideachas

Is éard is brí leis an bhfocal tumoideachas ná córas ina mhúintear gach ábhar trí theanga amháin. Sa chas seo, is í an Ghaeilge méan cumarsáide agus teagaisc na scoile agus is í teanga oibre na scoile í chomh maith.(www.Gaelscoileanna.ie(3)) Leanann na páistí an gnáth-churaclaim scoile atá leagtha amach ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Sa chaoi seo, baintear líofacht amach sa dhátheanga, Béarla agus Gaeilge. Tá múnlaí éagsúla tumoideachais á chleachtadh go hidirnáisiúnta agus tá siad bunaithe ar chleachtas idirnáisiúnta. Tá sé cruthaithe gurb é an tumoideachas an córas is éifeachtaí le haghaidh sealbhú na Gaeilge agus foghlaim an Bhéarla chomh maith. Cuireann an tumoideachas le caighdean Béarla an pháiste.

Dar le Bournot *et al*, bíonn tionchar dearfach ag foghlaim an dara teanga ar scileanna na chéad teanga. (Bournot-Trites and Tellowitz, 2002)

I dtaighde atá déanta ar an tumoideachas, moltar go mba cheart féachaint le teanga shóisialta an fhoghlaiméora a fhorbairt sa tslí is gur féidir leis/leí an Ghaeilge a usáid taobh amuigh den seomra ranga. (www.Gaelscoileanna.ie(4)) Moltar anseo go gcuirfear módúl ar fail san idirbhliain chun scileanna a bhaineann le reáchtáil cluichí trí Ghaeilge a fhorbairt mar shampla.

Moltar freisin béim a chur ar imeachtaí taobh amuigh agus iar-churaclaim a chur ar fáil chun tacaíocht a thabhairt don teanga taobh amuigh den seomra ranga. I measc na n-imeachtaí a luaitear tá clubanna iarscoile,campaí samhraidh, nascanna a chothú idir

scoileanna Gaeltachta agus scoileanna Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht, comórtaisí amhránaíochta agus díospóireachta agus spóirt.

Tá an tumoideachas ar fáil ag gach leibhéal oideachais in Éirinn. (Ó Murchú: 2003) Is scoileanna iad ina múintear gach ábhar, ach amháin an Béarla trí mhéan na Gaeilge. Dhein Ó Muirheartaigh agus Hickey (2008) comparáid idir tumoideachas luath agus tumoideachas déanach. Fuair siad amach nách raibh aon difríocht idir daoine a thosaigh an tumoideachas go luath agus daoine a thosaigh níos déanaí i dtaobh a gcumas teanga. É sin ráite, tháinig sé chun solais sa staidéar céanna go mbraitheann daoine a tumadh níos déanaí ar scileanna an aistrúchain níos mó ná daoine a tumadh níos luaithe. Ós rud é go dtagann roinnt scoláirí ó scoileanna Béarla fágann sé sin gur chóir do mhúinteoirí ag múineadh i scoileanna lán-ghaeilge a straitéisi a iompú chun freastal ar na scoláirí ar fad.

Usáidtear an téarma ‘tumoideachas’ i ndá bhealach éagsúil san oideachas. Ar an gcéad dul síos, eagraítear cláracha ina bhfuil páistí sáite sa dara teanga sa chaoi is go mbeidh siad líofa sa dhá theanga. Tosnaítear ar mhúineadh L1 bliain nó marsin níos déanaí agus ta sé mar chuid den phlean iomláin. An bhealach eile ina n-usáidtear an téarma ‘tumoideachas’ ná nuair a thumtar páistí a tháinig ar inimirce isteach i gcóras na tíre, agus nuair a fhaigheann siad a gcuid oideachais ar fad trí mhéan na máthar-teanga. Is í an aidhm anseo ná líofacht sa dara teanga. I gcomhthéacs an staidéir seo, Nuair a luaitear an tumoideachas is í an chéad bhealach a bheidh i gceist. Déanann Johnson agus Swain (1997) achoimre ar ocht rud a bhaineann leis an tumoideachas. Deir siad gurb é L2 an teanga teagaisc, gurb ionann curaclam L1 agus L2, go bhfuil tacaíocht láidir don L1, gurb í an aidhm atá ann ná dátheangachas suimíoch ina bhforbraítear an L1, gur múinteoirí dátheangacha atá á mhúineadh agus go bhfuil cultúr an tseomra ranga cosúil le pobal an L1.

Múineadh na Gaeilge

Dar le Murtagh(2007), ag féachaint ar an gcuraclaim féin, tá fianaise ann go raibh an chuid fadhbanna leis an nGaeilge sa seomra ranga. Tá laghdú tagtha ar chaighdeán Gaeilge na múinteoirí agus tá an bhéim leagtha ar rudaí a fhoghlaim de ghlanmheabhair le haghaidh an scrúdú. Bhí an t-uafás ama á chaitheamh ar litríocht agus aistí agus níor leor na h-Inseirbhísí a bhí curtha ar fáil, má chuireadh ar fáil iad ar chor ar bith. I dtaighde a dhein an N.C.C.A. (Rialtas na hÉireann,2010) tacaíonn siad le siollabas Gaeilge éagsúil le haghaidh scoileanna lán-Ghaeilge. Aontaíodh go bhfuil dúshlán níos mó ag teastáil uathu siúd a bhfuil barr feabhais á chur acu ar an teanga. Níor oir an cúrsa mar a bhí do lucht labhartha na Gaeilge ná dá gcomhleacaithe ins na scoileanna Béarla sa mhéid is go raibh ar a gcumas rudaí a chur de ghlanmheabhair chun grádanna arda a bhaint amach ins na scrúdaithe.

Anois, ba mhian liom féachaint ar roinnt straitéisí a chuirfeadh feabhas ar mhúineadh na Gaeilge. Níl aon amhras faoi ach go bhfuil an chuid céimeanna chun cinn tógtha ag múineadh na Gaeilge le blianta beaga anuas. Breathnófar ar dtús ar an gcuraclam. Ach go háirithe, fáiltíodh cúpla bliain ó shin roimh chúrsa nua Gaeilge Ardteiste ina leagfaí béim níos mó ar an scrúdú béil. (Harris& Ó Duibhir: 2011)

Ceann do na moltaí a bhí ansin sa straitéis fiche bliain atá ag an Rialtas ná go bhforbrófaí dhá shiollabas ar leith, ceann amháin acu ar a ghlaofaí ‘Teanga na Gaeilge’ a ligfeadh do scoláirí nách raibh an teanga go líofa acu seilbh a ghlacadh ar an teanga féin, agus cúrsa eile a bheadh in oiriúint do dhaltaí Ardleibhéal ar a ghlaofaí ‘Litríocht na Gaeilge’. (Rialtas na hÉireann:2010)

Ar ndóigh, is céim chun tosaigh a mbeadh anseo do Scolairí Ghaelcholáiste. Taobhaíonn Conradh na Gaeilge leis an straitéis seo. (www.cnag.ie(1))

Is iomaí athrú atá tagtha ar mhúineadh na Gaeilge le blianta beaga anuas. I 2010 tháinig Scrúdú Béil nua arbh fhiú 40% é isteach i nGaeilge na hArdteiste. Níl aon amhras ach gur athrú chun na maitheasa é seo. Mar thoradh ar an athrú seo, bheifí ag súil le níos mó béime ar labhairt na teanga sa seomra ranga agus níos lú béime ar an litríocht agus ar scríobh na Gaeilge.

1. ***‘Teanga na Gaeilge*** a mhúiní do gach mac léinn ag múineadh agus ag measúnú na scileanna tuisceana, labhartha, léite agus scríofa ag baint leasa as an bhFráma Coiteann Eorpach mar thagairt agus ag cuimsiú feasachta teanga; agus
2. ***Litríocht na Gaeilge*** le déanamh ag mic léinn ardleibhéil amháin agus le múineadh go comhtháite le "Teanga na Gaeilge" ag an leibhéal cuí.’

(www.cnag.ie(1))

Is iad na haidhmeanna is mó a ghabhann leis an gcúrsa nua ná cur ar cumas na scoláirí an teanga a fhoghlaim sa chaoi is go mbeadh siad lán-mhuiníneach ar chumarsáid a dhéanamh i nGaeilge. Chomh maith le sin, tá sé tábhachtach dearcadh dearfach a chrúthú i leith na Gaeilge i dtreo is go mbeadh scoláirí dearfach i leith foghlaim teangacha i gcoitinne. Mar thoradh ar na hathruithe seo, bheifí ag súil go dtiocfadh feabhas ar Ghaeilge labhartha na scoláirí agus go mbeadh meas acu ar an teanga. Ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh níl ach scrúdú béil roghnach. (Rialtas na hÉireann:2007) Tá sé do-dhéanta an scrúdú béil seo a dhéanamh faoi láthair na huairé mar níl aon leagan amach cuí air. Moltar do mhúinteoirí meastúcháin a dhéanamh ar a scoláirí féin agus na torthaí a chur ar aghaidh go dtí an Roinn Oideachais agus Scileanna. Ardaíodh líon na marcanna ar fáil le haghaidh an Scrúdú Béil don Teastas Sóisearach i dtreo is go meallfaí scolairí agus múinteoirí chun é a shníomh isteach sa churaclaim. Ceapadh go gcabhródh sé seo go mór le labhairt na teanga agus go mbeadh níos mó

leanúnachais ann do scoláirí. Seo a leanas an méid a bhí le rá ag Hanafin ar athrú an tsiollabais di.

‘The central intention of this proposal is to promote spoken Irish in post-primary schools. I want to ensure that spoken Irish is a feature in every classroom and that improvement in spoken Irish is addressed in every lesson.’ (Hanafin:2007:1)

Ar tharla beart de réir a briathar? Is leasc liom a rá nár tharla go dtí seo ar aon chuma. Níl aon scéim mharcála ar fáil ón Roinn le haghaidh an scrúdú béil, faraor. Fágтар faoi mhúinteoirí teacht suas lena scéim féin. Fágann sin nách ndéanann múinteoirí an scrúdú béil. ag an léibhéal seo mar níl aon soiléireacht ann ón Roinn agus tá sé i gcoinne rialacha na gCeardchumann éagsúla. (www.tui.ie) Marsin, Níl aon leanúnachas ann do scoláirí a dhéanann scrúdú béil don Ardteist ach a dhéanann scrúdú atá bunaithe ar scríobhnóireacht amháin le haghaidh an Teastais Shóisearaigh. Ar ndóigh, d’oirfeadh scrúdú béil don Teastas Sóisearach do lucht an Ghaelcholáiste ach go háirithe. Chuideodh sé go mór le labhairt na Gaeilge san Aonad. Ach, ní féidir é a chur i bhfeidhm go dtí do dtagann an Teastas Sóisearach nua ar an bhfód.

Cuireadh inseirbhísí ar fáil do mhúinteoirí Gaeilge thar tréimhse trí bliana chun straitéisí nua múinteoireachta agus foghlamtha a chur faoi bhráid na múinteoirí. (www.múinteoirgaeilge.ie(1)) Moladh ag na hinseirbhísí go bhfuil sé tábhachtach atmaisféar gaelach dearfach a chothú sa seomra ranga agus sprioctheanga a usáid an t-am uilig i scoil lán-ghaeilge. Ach go háirithe, moladh gur chóir deis a thabhairt do na scoláirí an teanga a chleachtadh eatarthu féin sa seomra ranga. Dúirt Murphy (2013) freisin go raibh sé tábhachtach go mbeadh nasc idir saol an scoláire agus ábhar an ranga i dtreo is gur féidir leis na scoláirí ionannú leis an rang. Is den riachtanas é freisin go nglacann na scoláirí páirt ina bhfoghlaím féin. A mhéad is a usáideann na scoláirí an teanga taobh istigh den seomra, is é is mó a usáidtear í taobh

amuigh den seomra. I gcásanna áirithe, creid nó ná creid, minic go leor, ní bhíonn caighdeán ró-iontach ag scolairí fiú amháin agus iad ag teacht ó Ghaelscoileanna(Ó Muircheartaigh & Hickey:2008) marsin tá gá l'ábhar cainte na scoláirí eatarthu féin sa chlós scoile a thuiscint agus a mhúineadh dóibh i dtreo is go mbeadh sé éasca dóibh cumarsáid chruinn a dhéanamh agus iad ag labhairt eatarthu féin. I scoil lán-Ghaeilge, tá se tábhachtach freisin béim a chur ar mhúineadh na ngramadaí mar is minic a bhíonn Gaeilge 'l'íofa lofa' ag na scoláirí. (Murphy: 2013:3)

An Ghaeilge i scoil lán-Ghaeilge

Sa scoil atá á fhiosrú anseo níl Gaeilge ó dhúchas ag mórán teaghlach cé go labhraíonn cuid acu Gaeilge sa bhaile uaireanta. Cainteoirí dúchais iad mionlach na dtuistí a d'fhás aníos i gceantair Ghaeltachta ach atá lonnaithe i mbruachbhailte na cathrach anois. Marsin, ach amháin do theaghlach amháin, ní hí an Ghaeilge an mháthairtheanga atá ag na scolairí. É sin ráite, tá formhór na scolairí ag imeacht ar scoil trí mhéan na Gaeilge ón tús. (ní thagann ach 5% ó scoileanna Béarla). Fágann sé seo gur ceist chonspóideach í cén áit a thagann an Ghaeilge san Aonad?

Glactar leis i gcomhthéacs an taighde seo gur L2 í an Ghaeilge ós rud é nách cainteoirí dúchais ón nGaeltacht iad na foghlaimeoirí agus nách í an Ghaeilge an mháthairtheanga acu. Dar le Murphy(2013), cé go n-éiríonn le 90% de scoláirí Ghaelscoileanna ardchaighdeán a bhaint amach i léamh agus i scríobh na teanga, bíonn sé de nós acu na botúin ceanann céanna a dhéanamh arís agus arís eile. Ceapann sé gur maith an rud é an ghramadach a mhúineadh ar bhealach pháiste-lárnach trí dhíriú ar an obair ó bhéal agus ar ghníomhaíochtaí chumarsáideacha. Dar le Harris agus Ó Duibhir, seachas rialacha gramadaí a chur ós comhair na scoláirí ón tús, ba chóir scoláirí a spreagadh chun anailís a dhéanamh ar an teanga chun teacht ar phatrúin éagsúla ina rialacha gramadaí a oibriú amach iad féin.

Féiniúlacht agus An Ghaeilge

Deirtear go bhfuil ar chumas an duine dátheangaigh an dá dhomhain atá bainteach lena dteangacha a tharraingt le chéile agus aitheantas nua a dhéanamh. Dar le Raschka *et al* (2002) faigheann ról an udárais tús áite sa chaoi is go labhróidh scoláirí teanga an té in udaráis leis an duine in udarás i gcónaí. Tá ciall ag baint leis seo. Is iad múinteoirí agus oidí bliana na scoile a chuireann riail na Gaeilge i bhfeidhm i scoileanna lán-ghaeilge dátheangacha. Sa tslí sin, samhlaítear an teanga agus udarás le chéile in intinn an scoláire. Sa chaoi sin, is cuid de nádúr an duine é casadh ar a dteanga féin nuair nách mbíonn duine in udarás thart ag cur rialacha i bhfeidhm.

Is minic a bhíonn an Ghaeilge ina hábhar theibí sa tír seo. Seans nár éirigh le muintir na hÉireann ceist na féiniúlachta a réiteach riamh. Deir Titley (2004) gur cuid lárnach í an Ghaeilge dár n-aitheantas. Tugann sé le fios dúinn go gceapann sé nách bhfuil mórán fágtha againn ó thaobh na féiniúlachta taobh amuigh den teanga agus ar ndóigh, an spórt.

Aithnítear chomh maith go bhfuil difríocht ann idir Gaeilge na Gaeltachta agus Gaeilge na cathrach. Níl hionann an Ghaeilge atá á labhairt ag Cathróirí an lae inniu agus an Ghaeilge a labhraíonn muintir na Gaeltachta. Tá tionchar ollmhór ag an mBéarla ar Ghaeilge na gCathróirí. Deir Cronin (2005:9) gur ‘treibh do-fheicthe’ iad lucht labhartha na Gaeilge sa chathair. Níl aon amhras ach go dtéann suíomh na scoile agus a n-áit chonaithe i bhfeidhm ar a gcuid roghanna freisin. Is comhartha aitheantais eile é áit. Tugann scoil aitheantas don duine óg chomh maith. Leagann Cummins béim ar an múinteoir ag múineadh í seomra ranga agus an ról atá acu i gcruthú an aitheantais. Deir Hopkins “They are the crucial sites for how young people construct their identities, the mechanism whereby identities come under surveillance, and for the ways in which

identities are given meaning.’(Hopkins:2010:183) Ar ndóigh, pobal eile is ea an scoil. Pobal speisialta é pobal an Ghaelcholáiste agus tá a chultúr féin agus a fhéiniúlacht féin ag gabháil leis. Dar le Wenger(1998)i Hall&Murphy(2008) tá sainmhíthe éagsúla ag gabháil l’aitheantas. Sainmhínimid sinn féin le gach tréith d’ár gcuid measctha in aitheantas amháin, na codanna éagsúla go léir nasctha le chéile in aitheantas amháin ‘a nexus of multimembership.’(2008:105) Chomh maith leis sin, tá nasc idir an áitiúil agus an chruinniúil agus conas a aistrítear ón áitiúil go dtí an chruinniúil. Maíonn Wenger freisin(2008) gur cuid d’aitheantas é freisin a bheith mar bhall de phobal. Dar le Holland i Hall&Murphy (2008) tá tábhacht ar leith ag baint le teanga sa mhéid is nách bhfuil sí neodrach mar choincheap. Labhraíonn sí faoi ‘positional identity’. (Hall&Murphy:2008:154) Creideann sí go dtuigeann daoine an seasamh sóisialta atá acu agus go n-iompaíonn siad iad fhéin de réir an stádais seo.

Níl aon amhras ach gur cuid lárnach d’fhéiniúlacht tíre í an teanga agus ní haon eisceacht í an Ghaeilge sa tír seo. Is cuid lárnach d’ár n-oidhreacht agus d’ár gcultúr í an Ghaeilge agus tá sé tábhachtach í a chosaint agus a chaomhnú le haghaidh páistí an lae amaráigh. Bronnadh féirín an speisialta orainn nuair a tugadh an teanga dúinn. Is í an Ghaeilge ceann de na teangacha is sine ar domhan. Tá traidisiún cultúrtha an-saibhir ag baint léi, idir cheol agus damhsa, idir fhilíocht agus litríocht, idir stair is spórt.

Is í an Ghaeilge an comhartha sóirt is láidre atá againn mar Éireannaigh agus is ábhar mórtais í i measc lucht a labhartha. Is í an Ghaeilge an rud a dhéanann idir-dhealú idir sinne, na hÉireannaigh, agus gach tír eile. Ach conas a d’fheadfaí an meon sin a scaipeadh i measc na hóige nuair nách dtagann ciall roimh aois? Ní marsin a bhí an meon i leith na Gaeilge i gcónaí, áfach. Dar le O Riagáin (2007), creideadh go láidir sna laethanta, ach go háirithe i measc Ceannairí na tíre, go raibh gá le Béarla chun dul chun

cinn a dhéanamh sa saol. Marsin, féachtar ar an nGaeilge mar chomhartha d'easpa oideachais. Teanga na mBochtán a bhí inti an uair sin. Dhein na polaiteoirí iarracht sna 1920aidí agus ina dhiaidh an Ghaeilge a chur chun cinn arís sa Chóras Oideachais agus cuireadh an tumoideachas i bhfeidhm mar chóras éigeanntach. Ba é athbheochan na Gaeilge an príomh-chuspóir a bhí ag an Rialtas ag an am. Lean Rialtais difriúla orthu lena bpolasaithe éagsúla chun feabhas a chur ar an nGaeilge. (Ó Riagáin:2007)

Lena gcuid gcearta a thabhairt dóibh dhein siad tréan-iarracht ach bhí fadhb so-aitheanta leis na polasaithe ar fad. Chuir siad ar mhúinteoirí na tíre Gaeilge amháin a labhairt sna scoileanna gan aon chóras tacaíochta ná cúrsaí traenála a chur ar fáil. Rinne na hoidí a seacht ndícheall an fhadhb a shárú ach bhí riail na Gaeilge ina chnámh spairne idir iad agus an Rialtas. Dallta ag a bhfís an Ghaeilge a thabhairt ar ais mar phríomh-theanga labhartha na tíre, níor ullmhaigh na polaiteoirí a bplean go héifeachtach. Níor smaoinigh siad ach oiread go mbeadh toradh níos sásúla ann do gach aon duine dá n-oibreóidh na polaiteoirí agus oideachasóirí le chéile, agus dá mbeadh sé le feiceáil go raibh an Rialtas féin ag déanamh iarrachta an Ghaeilge a labhairt.

Anois, dar le Mas-Moury, (2011) teanga na ndaoine faoi phribhléid atá sa Ghaeilge. Tá méadú ollmhór tagtha ar líon na ndaoine a sheolann a bpáisti chuig Gaelscoileanna le blianta beaga anuas.(www.Gaelscoileanna.ie(5))

Chomh maith leis sin, aithnítear saghas éiri in airde ar scoláirí an Ghaelcholáiste maidir lena gcuid líofachta sa teanga. Dealraítear gurb é an tuairim i measc an phobail ná gur scolaíocht le haghaidh lucht an tSaibhris é an Ghaelscolaíocht sa lá atá inniu ann. Dar le McWilliams agus Carey i Mas Moury (2011:2)'It is the breeding ground for the new sophisticated elite.' agus 'It's a class issue. Whether the motivating force is middle-class liberalism or heartfelt nationalist ideology, you won't find too many immigrants and local ruffians at the Gaelscoil.'

Diúltaíonn Gaelscoileanna go láidir leis an tuairim seo. Maíonn siad go '(bh)Fáiltítear go mór roimh dhaltáí ó gach tír agus cúlra teanga agus cultúir sna scoileanna lán-Ghaeilge agus tabharfar tacaíocht dóibh agus dá dtuismitheoirí.' (www.Gaelscoileanna.ie(6))

Tá meon an-chasta ag muintir na hÉireann i leith na teanga. Is mór an méid a bhí le rá ag daoine sa taighde a deineadh le haghaidh an phlean 20 bliain atá ag an Rialtas. Is cosúil go bhfuil meon an dearfach ag daoine i gcoitinne ach amháin go bhfuil súil acu go labhróidh daoine eile í. I dtaighde ata déanta ag Ó Riagáin(2007) aontaítear mar shampla gur chóir na Gaeltachtaí a chosaint ar ais nó ar éigean agus gur chóir go mbeadh an Ghaeilge mar ábhar éiginnteach ins na scoileanna go dtí leibhéal an Teastais Shóiséaraigh ar a laghad.(Rialtas na hÉireann:2010)

Dé reir cosúlachta, creidtear go láidir gur chóir an teanga a chaomhnú ach ní cheaptar go bhfuil sé de dhualgas ar gach éinne an iarracht a dhéanamh. Níl mórán tacaíochta le haghaidh pleananna a chur isteach go pearsanta ar shaol an duine féin.

Meon i leith na Gaeilge:

Breathnófar anois ar an dearcadh atá ag muintir na hÉireann i leith na Gaeilge mar a léiríodh sa súirbhé thuaidh-theas a deineadh sa bhliain 2000. Ní cheapann ach 8.4% gur ceart dearmad a dhéanamh uirthi agus ligint di bás a fháil. Ar an lámh eile, ceapann 40.5% (Ó Riagáin, 2008:383) gur chóir go mbeadh Éire ina tír dátheangach, ach go mbeadh an Béarla mar phríomh-theanga na tíre. Ceapann 24.4% gur ceart an Ghaeilge a chaomhnú i gceol agus litríocht na tíre ach nách ceart dúinn an teanga labhartha a chosaint. Fiafraíodh de dhaoine a bhfuil leanaí acu atá ag freastail ar scoil cé chomh tábhachtach is atá sé dóibh go mbeadh a leanaí ag foghlaim na Gaeilge. Dúirt 23.3% go raibh sé an-tábhachtach agus dúirt 47.3% go raibh sé tábhachtach go leor. Is méid

ollmhór é 70.6% ag ceapadh gur rud tábhachtach é go mbeadh Gaeilge á fhoghlaim ag a leanaí.

Ní féidir a sheánadh ach go bhfuil méadú ollmhór ar líon na dtuistí a sheolann a bpáistí chuig Gaelscoileanna. Dar le Gaelscoileanna, tá méadú cuimsitheach leanúnach tagtha idir na blianta 1972-2013. (www.Gaelscoileanna.ie(7)) Tá éarnáil na nGaelscoileanna faoi bhláth ach go háirithe ag leibhéal na bunscolaíochta, áit a bhfuil 144 Gaelscoil agus 36 iarbhunscoil i mbliana i gcomparáid le 10 Gaelscoil agus 5 Iarbhunscoil sa bhliain 1972. Ag an bpointe seo ní mór dúinn féachaint ar cad a spreagann na scoláirí chun Gaeilge a labhairt? Dar le Murtagh (2008) bíonn scoláirí ó scoileanna lán-Ghaeilge lán-mhuiníneach as a gcuid Gaeilge nuair a chuirtear iad i gcomparáid le scoláirí ó scoileanna Béarla. Chomh maith leis sin téann sé i bhfeidhm go mór orthu má usáidtear an teanga sa bhaile. . Léirigh Harris agus Murtagh (1999) chomh maith an tábhacht agus an tionchar dearfach a bhaineann le Gaeilge sa bhaile.

Ach sa taighde a dheimhíonn Ó Riagáin (1994) ar usáid na Gaeilge taobh amuigh den scoil ní dúirt ach 16.8% go n-usáidtear an Ghaeilge go minic nó an mhinic sa bhaile. Tá dlúthbhaint idir meon na scoláirí i leith na teanga agus spreagadh a thagann ó thuistí. A mhéad is a spreagtar an Ghaeilge sa bhaile is é is fearr é. Faigheann na scoláirí a spreagtar torthaí níos fearr agus bíonn meon níos dearfaí acu i leith na teanga. Tá a mhalairt fíor freisin-má tá easpa ann ó thaobh comhthéascanna inar féidir í a usáid taobh amuigh den seomra ranga bíonn sé níos deacra na scoláirí a mhealladh i dtreo na teanga.

Is spreagadh mór é an Scrúdú Béil Ardteiste i measc na scoláirí. Bíonn súil ag scoláirí i scoileanna lán-Ghaeilge le torthaí Ardteiste den scoth. Tá buntáiste iontach ag scoláirí an Oideachais trí Ghaeilge anseo. Bíonn i bhfad níos mó deiseanna acu an teanga a usáid i gcaitheamh an lae. Ach, dar le Murtagh (2007) cé go bhfuil níos mó deiseanna acu ní

dúirt ach 6.3% go n-usáideann siad an teanga chomh minic agus is féidir leo. Tá sé deacair meon na scoláirí a mheas ach tá rud amháin cinnte. Bíonn meon i bhfad níos dearfaí ag scoláirí an tumoideachais i leith na teanga. Deir siad go mbaineann siad taitneamh as Gaeilge a labhairt agus go mbaineann siad taitneamh as an gcúrsa Gaeilge chomh maith.

Chomh maith le scileanna teanga a mhúineadh do scoláirí tá sé tábhachtach go mbíonn siad freagrach as a gcuid bhfoghlaim féin. Tá tacaíocht ag teastáil ó scoláirí. Tá sé tábhachtach go dtuigeann siad gurb iad fhéin atá freagrach as a gcuid líofachta sa teanga. Dar le Kavanagh (1999) níor theastaigh ó 39% de scoláirí an tumoideachais a bheith ag labhairt na Gaeilge le daoine a bhi níos cumasaí i dtaobh na teanga ná iad siúd. Tá meon níos dearfaí ag an 'upwardly mobile' atá taréis caighdeán ard oideachais a bhaint amach. (CLAR) 1975:8). Chomh maith leis sin, teastaíonn ó ghrúpaí a bhfuil baint acu leis an Státséirbhís an teanga a chaomhnú níos mó ná grúpaí eile. Luíonn sé seo le ciall mar bíonn baint níos mó acu leis an dteanga ná mar a bhíonn ag grúpaí eile. Arís, sa suirbhé seo, luadh an 'upwardly mobile', daoine a bhain ardchaighdeán oideachais amach nó daoine a bhfuil cumas thar na bearta acu sa teanga. Dar le Murtagh agus Hickey (2008) Is é an rud is mó a théann i gcion ar fhoghlaim na teanga ná má éiríonn nó muna n-éiríonn go maith leo sa Chóras Oideachais i gcoitinne. Marsin, tá dlúthbhaint idir a ndul chun cinn sa chóras agus a ndul chun cinn leis an teanga. Díreach cosúil l'óideachas i gcoitinne, éiríonn níos fearr leis an scoláire má thagann siad ón aicme mhéanach nó ón uasaicme. Ar an taobh eile, muna léirítear suim san Oideachas is minic a bhíonn droch mheon i leith na Gaeilge i gceist chomh maith.

Tá meon an difrúil ag scoláirí i leith na dteangacha éagsúla. Cé go bhfuil an siollabas anois ag freastal ar na treoracha a leagadh amach do na teangacha eile níl an meon céanna ag scoláirí i leith na Gaeilge is atá acu i leith na dteangacha eile. Ní fheiceann siad

an tábhacht a bhaineann leí. Tá feabhas thar na bearta tagtha ar an siollabas ó 2010 nuair a ardaíodh marcanna an scrúdú béil go 40%. Mar thoradh ar sin, cuirtear an bhéim anois ar labhairt na teanga sa seomra ranga. Ach níl an tábhacht céanna ag gabháil leis an nGaeilge ós rud é ná chloiseann siad an teanga á usáid ró-mhinic (Ó Laoire:2007) Tá an-bhéim á chur chomh maith ar fhreagraí a chur de ghlanmheabhair le haghaidh an scrúdú seachas an bhéim a chur ar Ghaeilge nádúrtha a labhairt. Tá sé suimiúil go gceapann na scoláirí go bhfuil foghlaim na Gaeilge difrúil ó fhoghlaim na dteangacha eile chomh maith. Ina thuairim, tá an Ghaeilge níos deacra ná teangacha mar tá an méid sin rialacha, tá sé deacair abairtí a chumadh agus tá na haimsirí difriúla an deacair.(Ó Laoire:2007) Ceapann an chuid scoláirí gur chóir go mbeadh a gcuid Gaeilge níos líofa taréis dóibh ceithre nó cúig bliana dhéag a chaitheamh á fhoghlaim.

Is cinnte gur tréimhse deacair i saol an duine iad blianta na ndéag. Tagann an athrú ar phearsantacht an duine le linn na mblianta sin. Dar le Ní Dhonnabháin (2013:66) 'Bíonn aitheantas an duine ag athrú de réir mar a bhíonn saol an duine.' Dar leí 'Glacann déagóirí áirithe le dearcadh an údarais i leith na hiomhá a theastaíonn uathu le haghaidh na scoile' ach ní ghlacann déagóirí eile. Sa tslí sin, bristear riail na teanga i scoileanna lán-Ghaeilge mar saghas éirí amach i gcoinne na rialacha. Sa chaoi sin, tá an Ghaeilge cosúil le rialacha eile agus ní bhaineann briseadh na rialacha l'easpa measa ar an teanga. Bíonn baint níos mó aige le nádúr an duine. Freisin, bíonn fonn ar déagóirí a bheith difrúil óna dtuistí agus óna múinteoirí, rud eile ná chcabhraíonn le cur chun cinn na teanga.

Uaireanta, bíonn easpa féin-mhuiníne i dtaobh a gcuid Gaeilge labhartha i gceist ach go háirithe le scoláirí a d'fhreastail ar bhunscoileanna Béarla. Dar le Ó Muircheartaigh & Hickey (2008) ní bhíonn scoláirí a thagann isteach sa chóras lán-Ghaeilge níos déanaí chomh muiníneach as a gcuid Gaeilge mar ceapann siad ná chbhfuil siad chomh líofa

lena gcomhscoláirí cé gur minic a mbíonn siad níos cumasaí ag an teanga. Ar ndóigh, téann sé seo i bhfeidhm go mór ar fhoghlaim na teanga. Léiríonn Ó Muirheartaigh agus Hickey(2008) dúinn go n-éiríonn an mhaith le scoláirí a thagann isteach i gcóras an tumoideachais déanach agus go mbíonn greim níos fearr acu ar a gcuid gramadaí. Ach, marsin fhéin, má tá siad níos cumasaí ó thaobh na ngramadaí, ní bhíonn an fhéinmhuinín céanna acu agus iad ag labhairt na teanga. Chomh maith leis sin bíonn sé de nós ag scoláirí a thagann isteach sa chóras níos déanaí fanacht le chéile agus ní rud idéalach é seo muna bhfuil córas ann chun feabhas a chur ar a gcuid scileanna sa teanga.

Dar le Ní Dhonnabháin (2013:282) 'Tugann déagóirí dátheangacha le tuiscint go gceapann siad go bhfuil siad céim chun tosaigh ar dhaoine aon teangacha toisc go bhfuil rud breise acu sa Ghaeilge.' Ceapann siad chomh maith go mbíonn déagóirí eile in éad leo uaireanta, agus uaireanta eile, go mbíonn siad ag féachaint orthu go haisteach nuair a bhíonn siad ag labhairt na teanga. Sa taighde atá déanta ag Ní Dhonnabháin (2013:277) dúirt 43% de na scoláirí a ghlac páirt sa suirbhé go '(m)braithim difrúil nuair a labhraím Gaeilge.'(2013:278) agus bhí 38% de scoláirí ar aon aigne go bhfuil 'Béarlóirí in éad le Gaeilgeoirí.'(2013:276) Léiríonn a cuid taighde go bhfuil scoláirí dearfach ó thaobh na Gaeilge agus ó thaobh oideachais trí mhéan na Gaeilge. Tá siad mórtasach as an teanga agus tá áthas orthu go bhfuil ar a gcumas í a labhairt. Measann siad chomh maith go bhfuil rud ar leith acu, rud breise ná bhfuil ag gach déagóir.

Tá go leor fianaise ann go n-éiríonn níos fearr le scoláirí sa Ghaeilge i scoileanna lán-Ghaeilge ná scoláirí a fhreastalaíonn ar scoileanna Béarla.(Murtagh: 2009) I suirbhé a dheim Ó Riagáin agus Ó Gliasáin (1994) taispeánadh go bhfuil Gaeilge níos cumasaí ag na daoine a mhúineadh trí mhéan na Gaeilge. Maíonn 61% de scoláirí a d'fhreastail ar scoil trí Ghaeilge go bhfuil Gaeilge an líofa acu agus go bhfuil ar a gcumas labhairt ar réimse leathan topaicí trí mhéan na Gaeilge.

Ceann de na fadhbanna is mó a bhaineann le labhairt na Gaeilge ná easpa deiseanna í a labhairt taobh amuigh den scoil. Mar thoradh ar sin tá teorainn leis an méid Gaeilge nadúrtha a chloiseann scoláirí. Bíonn droch-thionchar anseo chomh maith i dtaobh na scoláirí a spreagadh. A luaithe is a bhíonn an Ardteist críochnaithe is beag deis a bhíonn acu an teanga a labhairt. I suirbhé a dhein Murtagh (2003) ar an nGaeilge labhartha scoláirí Ardteiste fuarthas amach go bhfuil scoláirí a thugann faoin Ardleibhéal Gaeilge i scoileanna Béarla neodrach go leor ina dtuairim fúithi ach go bhfuil scoláirí a fhreastlaíonn ar scoileanna lán-Ghaeilge dearfach i dtaobh foghlaim na Gaeilge. Ní cheapann siad go bhfuil deacracht ag baint leis an gcúrsa ar chor ar bith. Nuair a dhein na scoláirí seo féin-mheasunú ar a gcumas sa teanga duirt níos mó ná 80% go bhfuil an cumas céanna iontu is atá ag cainteoir dúchais.

Faigheann scoláirí i scoileanna lán-Ghaeilge níos mo deiseanna a gcuid Gaeilge a usáid taobh amuigh den seomra ranga. Ní raibh scoláire ar bith, mar shampla a dúirt nár usáideadh an Ghaeilge riamh sa bhaile. É sin ráite, áfach, mar a luadh cheana, ní raibh ach 18.8% a dúirt go n-usáidtear an Ghaeilge go rí-mhínic sa bhaile.

Ó thaobh Gaeilge a labhairt taobh amuigh den seomra ranga, tá lear mór aiteanna ina n-usáideann scoláirí a théann go scoileanna lán-Ghaeilge a gcuid Gaeilge. Dúirt 31.3% go labhraíonn siad Gaeilge i measc a gcairde a labhraíonn Gaeilge nó a bhfuil suim acu sa Ghaeilge nó go n-usáideann siad Gaeilge nuair a theastaíonn uathu rudaí faoi rún a phlé idir eatarthu. Rud amháin spéisúil a tháinig chun solais sa suirbhé seo ná nách labhraíonn siad Gaeilge le chéile ar chor ar bith chun cleachtadh a dhéanamh don scrúdú béil Ardteiste.

A mhéid is a usáidtear an teanga is é is líofa a bheidh sí agus tá a mhalairt fíor freisin. Muna mbíonn na deiseanna labhartha ag foghlaimeoirí eiríonn siad mí-chompórdach agus neamh fhéinmhuiníneach i dtaobh í a labhairt. Is anseo a thuigtear chomh

tábhachtach agus fiúntach is atá spreagadh ó thuistí maidir leis an nGaeilge a chleachtadh. Faigheann scoláirí i scoileanna lán-Ghaeilge níos mo spreagaidh, rud a chruthaíonn dearcadh níos dearfaí agus féin-mhuinín níos láidre. (Ó Riagáin:2008)

Ar an iomláin, is fíor a rá gurb é an buntáiste is mó a bhíonn ag scoláirí i scoileanna lán-Ghaeilge ná go múintear gach ábhar trí Ghaeilge agus gurb í sprioc-theanga na scoile í. Cloiseann siad sé nó seacht n-uaire níos mó Gaeilge agus iad ar scoil ná scoláirí i scoileanna Béarla. (Murtagh:2008). Cabhróidh an cúrsa cumarsáide Ardteiste le labhairt na Gaeilge ní hamháin i nGaelcholáistí ach i ngach scoil dara leibhéal timpeall na tíre. Tá sé díomach, áfach ná ch n-usáideann scoláirí Ghaelcholáistí an deis iontach atá acu an Ghaeilge a chleachtadh eatarthu féin le haghaidh an scrúdú béil Ardteiste. cé go bhfaigheann siad níos mó deiseanna í a chleachtadh agus go bhfuil Gaeilge ar a dul acu agus go ndeir siad ar aon chuma, de réir na fianaise thuasluaite go bhfuil siad féin-mhuiníneach ag labhairt na teanga agus fiú amháin go bhfuil 'éirí in airde' orthu agus iad á labhairt.

Caibidil 3-Modheolaíoch

Is é a bheidh sa chaibidil seo ná cur síos ar na modhanna éagsúla as a mbaintear usáid astu le linn an taighde seo. Tabharfar míniú ar na cúiseanna a roghnaíodh an taighde seo a dhéanamh maraon le cur síos ar an gcur chuige a usáideadh chun an t-eolas a bhailiú. Pléifear na lochtanna agus na buanna a ghabh leis na modhanna a usáideadh chun an t-eolas a chruinniú. Tabharfar cur síos chomh maith ar na cúiseanna a usáideadh na modhanna éagsúla agus an fáth, i dtuairim an taighdeora, gurb iad na modhanna is oiriunaí faoi bhráid an chúraim idir lámhe. Beidh cur síos ann chomh maith ar an sampla a roghnaíodh agus ar ndóigh, an fáth gur cuireadh ceist orthu páirt a ghlacadh sa taighde. Beidh sé de dhualgas ar an taighdeoir chomh maith na gnéithe eiticiúla a ghabh leis an staidéar a iniúchadh agus a mhíniú. (Bell:1993) Is í an aidhm bhunúsach a ghabhann leis an taighde seo ná iarracht a dhéanamh ar na ceisteanna a cuireadh i gCaibidil a hAon a fhreagairt.

1. Cad é meon na ndaltaí i leith na Gaeilge sa scoil?
2. Cad iad na dúshláin a bhaineann leis an nGaeilge a chur chun cinn?
3. Conas is féidir feabhas a chur ar labhairt na teanga sa scoil seo?

Sa chaoi seo, tiocfaidh an taighdeoir agus éinne eile a bhfuil spéis acu sa teanga ar thuiscint níos fearr ar an fáth ná ch labhraítear an Ghaeilge gan brú ó mhúinteoirí sa Ghaelcholáiste áirithe seo. Chomh maith leis sin, tá sé mar aidhm ag an údar meon na scoláirí i leith na Gaeilge a thuar. Ba mhian léi freisin féachaint ar na dúshláin a bhaineann le cur chun cinn na teanga maraon le féachaint ar straitéisí chun feabhas a chur ar labhairt na Gaeilge san Aonad.

Ceisteanna Taighde

Déanann an staidéar seo iarracht teacht ar eolas ar an nGaeilge labhartha agus an meon atá ag scoláirí atá ag freastal ar scoil lán-Ghaeilge i leith na teanga. Ba mhian leis an taighdeoir teacht ar chúiseanna leis an dearcadh ata ag scoláirí i leith na teanga agus na dushláin a ghabhann leis an teanga a chur chun cinn san Aonad.

Maraon leis sin, ba mhian leis an taighdeoir feabhas a chur ar labhairt na teanga de bharr a cuid gníomhaíochtaí. Is é an rud atá á fhiosrú sa phíosca taighde seo ná labhairt agus múineadh na Gaeilge i nGaelcholáiste. Eascraíonn mórán ceisteanna as an teideal seo ach ba mhaith leis an taighdeoir díriú isteach ar an dtrí cheist a luadh cheana, ach go háirithe.

Cur chuige modhanna measctha

Nuair a roghnaigh an taighdeoir an t-ábhar seo, bhí cur amach aici ar Ghaeilge a mhúineadh in Aonad Gaelcholáiste agus bhí se de dhualgas uirthi an Ghaeilge a chur chun cinn san Aonad mar oide bliana ann. Marsin bhí tuiscint áirithe aici ar mhúineadh agus sealbhú na teanga chomh maith. Chun an taighde a dhéanamh, áfach, níor mhór dí breathnú ar na modhanna taighde is oiriunaí dá cuid saothair. Ba é an chéad rud le reachtáil ná arbh cheart modh cáilíochtúil nó modh cainníochtúil a usáid chun teacht ar an eolas a bhí uaithi. (Bell:1993) Aithnítear go mbaintear usáid an an dhá shaghas mhodh chun eolas níos cruinne agus níos doimhne a fháil ar an taighde idir lámha. Bheadh an seans ann eolas a bhailiú ó bhéal agus i scríbhinn ó na páirtithe ar fad.

Tá sé tábhachtach chomh maith go mbeadh an staidéar seo ionraic agus iontaofa. Marsin, tá an tábhacht ag baint leis an sampla a roghnófaí le haghaidh na hoibre. Deir

Joppe gur den riachtanas é teacht ar ‘an accurate representation of the total population under study.’ (Joppe:2000:1)

Socraíodh ar mheascán den dhá saghas taighde chun tuairim níos cruinne a fháil. Roghnaíodh ceistneoir a thabhairt don chéad bhliain agus don séú bliain sa scoil. **(Aguisín 3&4)**. Tá beirt is fiche sa rang sa chéad bhliain ach bhí beirt as lathair ar an lá. Tá fiche a sé sa rang sa séú bliain agus bhí duine amháin as lathair. Marsin fuarthas 45 suirbhé ar ais. Measadh gurb iad siúd an dhá ghrúpa is oiriunaí le haghaidh na taighde seo ós rud é nách bhfuil mórán taithí ag an gcéad bliain agus go bhfuil an séú bliain taréis imeacht tríd an gcóras. Bheadh grúpa amháin ó Shóisearaigh na scoile roghnaithe agus grúpa amháin ó na Sinsearaigh. Sa chaoi seo, ceapadh go bhfaighfí blaiseadh maith do na tuairimí cómóna ata ag na scoláirí.

Tá buntáiste ollmhór amháin ag dul le staidéar scoil bhunaithe. Má tá an taighdeoir ag obair san áit ina bhfuil an taighde ar siúl bíonn eolas ón dtaobh istigh aige/aici. Adhmhaítear go bhféadfadh sé seo a bheith ina mhíbhuntáiste sa chaoi is go bhféadfadh leis an taighdeoir a bheith claonta ina c(h)uid t(h)uairimí . Tá sé tábhachtach a thuiscint go mbeidh tuairimí ag daoine eile a thiocfaidh salach ar thuairimí an taighdeora. (Hitchcock& Hughes: 1989)

‘Undoubtedly the teacher will be confronted with perspectives and opinions that are diametrically opposed to her own...’ (Hitchcock and Hughes: 1989:64)

Níl aon amhras ach go sáraítear deacrachtaí áirithe le taighde scoil bhunaithe. É sin ráite, cruthaítear fadhbanna eile nách iad. Cé gur buntáiste é aithne a bheith agat ar dhaoine is míbhuntáiste é chomh maith.

'While some of the difficulties fade away when the teacher is conducting fieldwork in her own setting, others are thereby created. Familiarity is simultaneously an advantage and a disadvantage.' (Hitchcock and Hughes: 1989:59)

Cé go ndéanfaí gach iarracht eolas iontaofa agus bailí a fháil aithnítear go ngabhann roinnt fadhbanna le eolas scoil bhunaithe a aimsiú. Tagann ceist an stádais isteach sa scéal. An dtabharfadh scoláirí freagraí mácánta má tá a fhios acu go mbeidh a múinteoir ag scagadh an eolais ar deireadh thiar thall? Cruthaíonn usáid na scoláirí roinnt fadhbanna freisin. Mar shampla, rachadh sé deacair orthu an taighdeoir a dhiúltiú. Déineadh gach iarracht a gcuid gcearta a mhíniú dóibh roimhré. Míneofar dóibh gur taighdeoir í an múinteoir sa chás seo agus ná n-ainmnítear éinne a ghlacann páirt.

An Cheistneoir.

Eagraíodh an tsuirbhé i dtreo is go mbeadh meascán ceisteanna iniata iontu. (Berends: 2006). Cé go raibh an t-eolas céanna ag teastáil bhí éagsúlacht i gcuid do na ceisteanna a cuireadh sa dhá cheistneoir. **(Aguisín 3&4)** Measadh gur chóir níos mó ceisteanna oscailte a chur sa cheistneoir a deineadh don séú bliain mar bheadh tuairimí níos láidre acu taréis dóibh sé bliana a chaitheamh ag freastal ar an scoil. Socraíodh cead a fháil ó thuistí na ranganna agus ó na scoláirí féin chun dul ar aghaidh leis na ceistneoirí seo. Scríobhadh litir chuig na tuismitheoirí ag míniú cúiseanna an tsuirbhé. **(Aguisín 1)** Seoladh abhaile iad agus fuarthas síniú tuismitheora ag tabhairt a gcead an cheistneoir a líonadh. Fuarthas cead scríofa ó na scoláirí chomh maith. **(Aguisín 1)**

Tá an chuid buntáistí ag gabháil leis an gceistneoir mar chur chuige. Ar an gcéad dul síos, bailítear an t-eolas go tapaidh agus ós rud é gur taighde scoil bhunaithe é seo bheadh súil le ais-fhreagra den scoth mar bheadh an cheistneoir á líonadh le linn an

ranga Gaeilge. Adhmaítear áfach go bhfuil teorainn ann i dtaobh an méid eolais gur féidir a fháil uathu. Tá sé tábhachtach ceistneoir tarraingeach a ullmhú. Chuirfí ceisteanna teoranta chun tosaigh sa cheistneoir chun na scoláirí a mhealladh chun iad a fhreagairt. Bheadh cúpla ceist oscailte ansin ag druidim i dtreo an deiridh. Bheadh soiléireacht ag baint leis na treoracha sa mhéid is go mbeadh ar chumas an taighdeora aon rud atá doiléir a mhíniú. Ba bhuntáiste mór é an taighde a bheith scoil-bhunaithe sa mhéid is gur féidir leis an taighdeoir cúis an staidéir a mhíniú chomh maith. Gealladh do na scoláirí nách mbeadh éinne ainmnithe sa cheistneoir sa mhéid is nách mbeadh aon chaoi ina mbeidís thíos leis an eolas a thabhairt. Chun na ceistneoirí a chur le chéile baineadh usáid as réimse leathan saghasanna ceisteanna. Cuireadh níos mó ceisteanna dúnta sa cheistneoir a dhein an chéad bhliain chun é a dhéanamh níos fusa dóibh. Tugadh an cheistneoir do bheirt mhúinteoirí Ghaeilge sa scoil chun deimhin a dhéanamh de go raibh na ceisteanna oiriúnach agus soiléir. Idir an dha ghrúpa, freagraíodh daichead a cúig ceistneoir.

An t-Agallamh.

Chomh maith leis sin, Baineadh leas as an modh agallaimh mar uirlis taighde chun eolas cáilíochtúil a bhailiú. Tá an chuid buanna ag baint leis an agallamh mar mhodh. Bíonn ar chumas an taighdeora teacht ar eolas níos doimhne ar an ábhar ná mar a bheadh ar a c(h)umas i gceistneoir, mar shampla. Ar dtús, ba é an plean a bhí ag an taighdeoir ná beirt atá ar chleachtadh mhúinteoireachta san Aonad a chur faoi agallamh féachaint cérbh iad na tuairimí a bhí acu i dtaobh dul chun cinn na Gaeilge san Aonad. Ceapadh gur beirt ábhartha don taighde iad agus go léireodh siad dearcadh na tromlach go hionraic. Ach taréis ath-mhachnamh a dhéanamh cheap an taighdeoir gur beirt iad a thaobhódh leis an nGaeilge agus a mbeadh báúil leí. Tá duine amháin ag déanamh na

Gaeilge sa Choláiste agus dhein an duine eile Gaeilge sa chéad bhliain. Marsin, socraíodh ar ghrúpa beag randamach ón rang séú bliain faoi bhráid an chúraim. Ós rud é go múineann an taighdeoir Gaeilge don ghrúpa seo, bhí an taighdeoir den tuairim gur chóir duine amháin a chur i bhfeighil na gceisteanna ar fhaitíos go gceapfadh na scoláirí go gcaithfidís a bheith cúramach ina gcuid bhfreagraí. Cuireadh ceist ar na scoláirí an raibh éinne sásta na ceisteanna a chur agus bhí leaid amháin sásta. Tugadh liosta ceisteanna (**Aguisín 5**) don bhuachaill i bhfeighil na hoibre Míníodh dó freisin gur féidir leis an agallamh a stiúriú i mbealach difrúil dá mba mhian leis. Baineadh úsáid as agallamh leath-struchtúrtha, le ceisteanna oscailte den chuid is mó chun an leas is fearr a bhaint as fairsinge an réimse taighde. Dúirt cúigear go mbeidís sásta na ceisteanna a fhreagairt agus a dtuairimí a nochtadh. D'fhreastail beirt ón gcúigear ar an mórscóil go dtí leibhéal an Teastais Shóisearaigh. D'aistrigh siad isteach sa Ghaelcholáiste san idirbhliain. Tá an triúr eile ag freastail ar scoil trí Ghaeilge ó bhí siad cúig bliana d'aois. Taifeadaíodh an t-agallamh ar i-pad agus d'uaslódáil an taighdeoir é go dlúthdhiosca.

É sin ráite, tá sé thar a bheith deacair agallamh cumsitheach a fháil, níos casta ná mar a bheadh súil leis. Deir Cohen (1976:82) 'like fishing, interviewing is an activity requiring careful preparation, much patience, and considerable practice if the eventual reward is to be a worthwhile catch.' Cé go bhfuil tábhacht ag baint leis an gcaoi ina gcuirtear na ceisteanna níl sé chomh do-lúbtha is a mbíonn nuair a bhíonn ceistneoir i gceist. Bíonn bríonna éagsúla le focail éagsúla do dhaoine éagsúla. Marsin, ní mór don agallóir a bheith cúramach leis an rogha focal a usáidtear, agus gan ceisteanna casta a chur, agus gan scoláirí a threorú i bhfios nó i ngan fhios dóibh. Tá sé de dhualgas ar an Agallóir a d(h)earcadh fein ar an ábhar idir lámha a choiméad faoi cheilt freisin ach go háirithe le taighde atá scoil-bhunaithe.

Níor mhór don taighdeoir cinneadh a dhéanamh ar an sórt agallaimh a d'eagrófaí. Sa chás seo, agallamh leath-strúchtúrtha a bheadh ann. Creidtear go bhfuil so-lúbthacht ag baint leis an sórt agallaimh seo sa mhéid is go mbeadh treoir ag an Agallóir ach go mbeadh an deis aige/aici ceisteanna eile a chumadh dá dtiocfadh an deis faoina b(h)ráid. Scoláire ón rang a bheidh mar Agallóir. Marsin, cé go raibh ceisteanna ullmhaithe (**Aguisín 5**)ós a chomhair amach, bheadh an seans aige cúpla ceist dá chuid féin a chur chomh maith, dá mbeadh an deis aige.

' The semi-structured interview is the one which tends to be most favoured in Educational Researchers since it allows depth to be achieved by providing the opportunity on the part of the interviewer to probe and expand on the interviewees' responses.' (Hitchcock & Hughes: 1989:83)

Míníodh na rialacha do na scoláirí roimhré. Insíodh dóibh cen lá agus cén t-am a mbeadh sé ar siúl. Chuaigh an taighdeoir tríd na ceisteanna leis an agallóir agus insíodh do na scoláirí go raibh an taighdeoir ag déanamh tionscnaimh ar labhairt agus mhúineadh na Gaeilge. Míníodh dóibh freisin ná n-ainmnítear iad ná an scoil, agus gur den riachtanas é a bheith chomh ionraic agus gur féidir leo.

Deineadh staidéar ar na ceistneoirí i ndá shlí éagsúil. Lorgaíodh cosúlachtaí agus difríochtaí ins na freagraí oscailte agus deineadh anailís ar na ceisteanna dúnta trí staitisticí a oibriú amach. D'éist an taigheoir leis an agallamh agus scríobhadh amach é focal ar fhocal. Sa chaoi seo, bhí sé furaist go leor teacht ar na téamaí comónta.

An Ghné Eiticiúil

Tá sé tábhachtach mar thaighdeoir go dtabharfaí gach aird ar an gné eiticiúil den taighde. Dhírios m'aird ar cead a lorg, rúndacht agus ról an taighdeora i mbailiú an

eolais. Lorgaíodh cead ó Bhord Bhainistíochta na scoile an staidéar a dhéanamh. Níor luadh ainm na scoile ná ainmneacha na scoláirí in aon áit sa staidéar. Fuarthas cead ón bPríomhoide suirbhéanna a scaipeadh i measc na scoláirí agus lucht na hArdteiste a chur faoi agallamh. Lorgaíodh cead ó thuistí na rannpháirtithe ar fad i bhfoirm litreach. Fuarthas síniú ó na tuistí sa chás seo. Ansin fuarthas cead ó na scoláirí agus tugadh deimhniú dóibh ná n-aithnítear iad sna súirbhéanna ná san agallamh a deineadh. **(Aguisín 1)**Insíodh dóibh ná rud éiginnteach é páirt a ghlacadh agus gur féidir leo diúltiú agus gur féidir leo éirí as nó tarraingt siar ag an am i rith na taighde. Tugadh geallúint go mbeadh an t-eolas a cruinníodh faoi rún agus go millfí é nuair a bhéadh an taighde críochnaithe. Fuarthas cead ó na scoláirí an t-agallamh a thaifeadh. **(Aguisín 2)**.

Bíonn an baol ann i gcónaí go bhfuil claontacht ag baint leis an Agallóir, mar a deir Selltiz (1962:583) 'interviewers are human beings and not machines.' Chun an dúshlán sin a shárú nó, ar a laghad é a laghdú, fuarthas duine ón rang chun an t-agallamh a dhéanamh le grúpa ón rang. Níor theastaigh ón taighdeoir an t-agallamh a dhéanamh ar fhaitíos go gceapfadh na scoláirí ná bhféadfaidís a bheith mácánta os a comhair amach. Cúis eile ná go bhféadfaí eolas luachmhar a fháil má tá scoláire ag cur agallamh ar scoláirí eile.

'Pupil-pupil interviews can provide rich sources of data, particularly if the pupil interviewer keeps to the interview schedule prepared by the teacher.'(Hopkins: 1993:125)

Aithnítear, faraor, go mbíonn easnamh ann i dtaighde atá scoil-bhunaithe cé go bhfuil sé bunaithe ar mheascán den dhá mhodh. Níl aon amhras ach gur taighde chasta é agus ná féidir le taighde ach blaiseadh beag a thabhairt ar roinnt sain-cheisteanna. Luíonn

sé le ciall chomh maith go mbíonn tuairimí frithráiteacha ann ó dhaoine dhifriúla agus go bhféadfadh réamh-chlaontacht a bheith i gceist chomh maith cé go ndéanfaí gach iarracht é a sheachaint. Is den riachtanas é na constaicí seo a chur faoi bhráid an léitheora.

An dúshlán deireanach a bhain leis an taighde ná gur múinteoir mé ag múineadh sa scoil ina raibh an taighde ar siúl. Níor mhór dom machnamh athfhillteach a dhéanamh ar mo thuras taighde. (Doucet: 2003) Níor mhór don taighde ról an taighdeora a thógaint san áireamh. Bhí sé de dhualgas orm smaoineamh ar mo ról mar mhúinteoir, oide bliana agus taighdeoir agus deimhin a dhéanamh de nár tháinig aon ról salach ar aon ról eile. B'eigean dom mo dhearcadh féin a chur ar leataobh agus mé i mbun taighde. Is é príomhaidhm an taighdeora ná eolas a leathnú in ionad breithiúnas a thabhairt nó a t(h)uairimí fein a nochtadh. (Berends:2006)

Caibidil 4: Torthaí agus Anailís ar an Taighde

Is í an aidhm is mó a bhain leis an taighde seo ná féachaint ar an dearcadh atá ag scoláirí an Ghaelcholáiste ar an nGaeilge. Ba mhian leis an taighdeoir breathnú ar na dúshláin atá ann dóibh i dtreo is go gcuirfí feabhas ar an nGaeilge labhartha san Aonad. D'eascair roinnt mhaith tuairimí éagsúla ón taighde mar gheall ar a dtuairimí i dtaobh na Gaeilge agus ar an oideachas trí Ghaeilge freisin. Tá sé soiléir go dtuigeann an dhá ghrúpa go bhfuil buntáiste breise acu leis an dteanga, go gcabhróidh sí leo amach anseo agus gur rud éagsúil é freisin. Tá léamh agus tuiscint níos doimhne ag an séú bliain ar an scéal agus is léir don taighdeoir go bhfuil machnamh déanta acu ar a dturas oideachasúil i bhfios no i ngan fhios dóibh féin. Tacaíonn na torthaí leis an méid a tháinig ó thaighde Úí Dhonnabháin(2013:244) mar gheall ar na buntáistí a bhaineann le dhá theanga nuair a thagann sé chomh fada le cúrsaí oideachais agus le saol na hoibre. Tacaíonn se freisin leis an méid atá le rá aici mar gheall ar an éagsúlacht a ghabhann leis.

Aitheantas/Bród

Ceapann siad go bhfuil sé tábhachtach a bheith in ann teangacha a labhairt agus gur cuid d'ár gcultúr agus gur linne í an teanga, gur 'teanga ár dtír í.' Tacaíonn se seo le torthaí an staidéir a dhein Ní Dhonnabháin(2013) agus Ó Duibhir(2009) go bhfuil spreagadh agus dearcadh dearfach ag scoláirí Gaelscolaíochta i leith na Gaeilge.

Is léir ón méid a d'eascair as an suirbhé seo go bhfuil tuiscint mhaith ag na daltaí gur rud speisialta é a bheith ag gabháil ar scoil trí Ghaeilge. Is léir, freisin, go bhfuil siad bródúil as an teanga agus go ndeir siad gur cuid tábhachtach d'ár n-oidhreacht í. Tacaíonn sé seo le taighde Ó Riagáin (2008) a deir go gceapann 40.5% gur chóir go mbeadh Éire ina tír dátheangach. Deir siad gur tábhachtach an rud é an teanga a choiméad beo. Tá sé

spéisiúil go leor nách gceapann cuid acu gur chóir go mbeadh sé de dhualgas orthu í a labhairt taobh amuigh den seomra ranga. Tugann siad le fios gur cuma ina n-aighe cé acu de na teangacha a labhraítear, agus nách bhfuil aon éagóir á dhéanamh ar an teanga muna labhraítear í. Dealraítear chomh maith gur éirí amach i gcoinne na rialacha atá anseo. Taobhaíonn sé seo le tuairim Erikson (1968) maidir leis an bhfionn a bhíonn ar deagóirí éirí amach i gcoinne na rialacha. D'fhreagair gach dalta an cheist 'An labhraíonn tú Gaeilge taobh amuigh den seomra ranga agus tú ar scoil' leis an bhfreagra 'Uaireanta, nuair a bhíonn múinteoirí timpeall.' Ní raibh dalta ar bith a dúirt nách labhraíonn siad an Ghaeilge ar chor ar bith. Meastar chomh maith go bhfuil sé níos fusa an Béarla a labhairt. Labhraíonn siad Gaeilge nuair a bhíonn na múinteoirí timpeall, rud a thacaíonn leis an méid atá le rá ag agus Holland *et al*(1998)mar gheall ar aitheantas, go mbíonn an t-aitheantas múnlaithé i ndomhain le struchtúir agus srian.

Dúirt gach scoláire sa chéad bhliain go dtaitníonn an Ghaeilge leo mar ábhar scoile. Dealraítear go bhfuil tuiscint éigin acu ar thábhacht na dteangacha agus gur buntáiste breise é don saol. Tacaíonn se seo le saothar Murtagh (2007) a deir go bhfuil meon níos dearfaí ag scoláirí na nGaelscolaíochta i leith na teanga. Dúirt dalta amháin 'mar bíonn sé go maith chun feabhasú a dheineamh ar do Gaeilinn.'

Níl aon amhras ach go mbíonn bród orthu go bhfuil bua an dátheangachais acu agus gur pribhléid speisialta é. Taobhaíonn sé seo le dearcadh Mas-Moury (2011) a deir gur teanga na ndaoine faoi phribhléid atá sa Ghaeilge na laethanta seo. Freagra eile a tugadh ná 'Is breá liom go bhfuil mé ábalta dhá theanga a labhairt agus táim bróidúil go bhfuilim ábalta Gaeilge a labhairt go líofa.'

Dúirt scoláire amháin 'mar tá sé níos fearr dhá theanga a bheith agat. Tá tu ábailta leart (labhairt) le do chara muna maith leat daoine a cloisaint.'

Deacrachtaí

Ardaíodh ceisteanna anseo chomh maith faoi na deacrachtaí a bhíonn ag scoláirí leis an nGaeilge. Cuir i gcás an dalta a dúirt gur chóir ceisteanna a chur ar na fallaí chun iad a chur ag machnamh ar bhealaí eile chun an cheist a chur. Dúirt cuid de na daltaí chomh maith go bhfuil sé deacair ‘smaoineamh ar rudaí’ agus gur chóir go mbeadh ‘níos mó comhrá’ sa rang Gaeilge. Taobhaíonn sé seo leis an ndearcadh ata ag Murphy (2013). A mhead is a labhraítear an teanga taobh istigh den seomra a mhéad is a usáidtear í taobh amuigh. Tá ábhar machnaimh anseo. B’fhéidir gur chóir an rang Gaeilge a bhunú ar na topaicí a bhíonn a phlé acu i dtreo is go mbeidh an foclóir acu na topaicí seo a phlé idir eatarthu as Gaeilge. Arís, ceapann Murphy (2013) go mba chóir go mbeadh nasc idir saol an scoláire agus an rang. Ní thagann sé go héasca chucu uaireanta Gaeilge a labhairt. B’fhéidir, marsin go mba chóir foclóir a ionannaíonn lena saol féin a chur chun cinn sa rang Gaeilge. Sa tslí seo ní bheadh orthu an machnamh agus iarracht céanna a chur isteach agus ní bheadh sé chomh dúshlánach dóibh. Ceapann lear mór scoláirí gur chóir go mbeadh níos mó siamsaíochta ar fáil am lóin. Dá mbeadh clubanna éagsúla ar siúl am lóin chuirfeadh sé sin an Ghaeilge chun cinn, i bhfios nó i ngan fhios, mar bheadh múinteoirí i bhfeighil na gclubanna éagsúla agus ta sé de nós ag scoláirí Gaeilge a labhairt nuair a bhíonn na múinteoirí timpeall. Molann Gaelscoileanna ([www.gaelscoileanna.ie\(4\)](http://www.gaelscoileanna.ie(4))) imeachtaí iar-churaclaim chomh maith.

Creideann siad gur ‘Gaeilgóirí líofa’ iad ach ‘uaireanta bíonn sé deacair chun smaoineamh ar rud éigin.’ Tacaíonn se seo leis an méid atá le rá ag Ó Laoire(2007) mar gheall ar an nGaeilge a bheith deacair uaireanta. Ardaítear ceist shuimiúil anseo chomh maith. I dTráchtas Uí Dhonnabháin ar mheonta i leith na Gaeilge dúirt tuismitheoir ‘Oh,bloody Irish san shoved down our throats.’(2013:171) Taobhaíonn tuairim scoláire

amháin leis seo nuair a dúirt sé 'Is maith liom ach ní gach nóiméad den lá. Tá ábhar machnaimh anseo chomh maith. B'fhéidir go bhfuil an iomad brú á chur ar dhaltáí an teanga a labhairt an t-am ar fad agus gur chóir a bheith níos réchúisí fúithi.

Moltaí

Fiafraíodh de dhaltáí conas a d'fhéadfaí an Ghaeilge a chur chun cinn sa Ghaelcholáiste. Cheap cuid acu agus gur chóir níos mó siamsaíochta a chur ar siúl ag am lóin. Taobhaíonn sé seo le tuairim Gaelscoileanna ([www.Gaelscoileanna.ie\(3\)](http://www.Gaelscoileanna.ie(3))) a mholann go mba cheart teanga shóisialta an fhoghlaiméora a fhorbairt chun go mbeidís in ann an teanga a usáid taobh amuigh den seomra ranga. Tá an tuairim céanna ag Ó Laoire (2007). Cheap duine amháin gur chóir go bhfaighfidís trí sheans sula bhfaighfidís coiméad. Taobhaíonn sé seo le dearcadh Erikson (1968) freisin agus an fonn a bhíonn ar déagóirí triail a bhaint as rialacha a shárú le linn blianta na ndéag.

Bhí straitéisí éagsúla acu le haghaidh sealbhú na Gaeilge. Bhí dalta amháin a mheas 'chuir ceisteanna ar na fallaí timpeall an scoil ag ra mar shampla, slí eile chun is maith liom a rá agus caithfidh daoine submit freagraí agus pé duine a gheobhas an freagra is fear, piocann siad an chéad cheist eile nó faigheann siad duis nó rud éigin.' Cheap nach mór gach éinne é gur buntáiste é dul ar scoil trí Ghaeilge. Mheas gach dalta gur chóir go mbeadh níos mó comhrá sa rang Gaeilge. Taobhaíonn se seo leis na moltaí ag na hinseirbhísí Gaeilge ([www.múinteoirgaeilge.ie\(1\)](http://www.múinteoirgaeilge.ie(1))) gur chóir deis a thabhairt do na scoláirí an Ghaeilge a chleachtadh eatarthu féin sa seomra ranga Taobhaíonn Ó Laoire (2007) leis an tuairim seo chomh maith.

Séú Bliain

Bród

Tá sé soiléir leis na torthaí go bhfásann agus go bhforbraíonn féinmhuinín na scoláirí ó thaobh labhairt na Gaeilge i rith na scolaíochta trí Ghaeilge. Bhí an chuid le rá ag lucht na hArdteiste ó thaobh na Gaeilge agus an chuid tuairimi spéisiúla acu í dtaobh na teanga. Mar ábhar scoile taitníonn an Ghaeilge go mór leo ach amháin go gceapann siad go bhfuil fadhbanna fós leis an nGaeilge mar ábhar scoile Ardteiste. Ceapann siad go bhfuil sé tábhachtach a bheith in ann an Ghaeilge a labhairt agus go bhfuil sé deas teanga eile a labhairt lena gcairde uaireanta, teanga seachas Béarla. Tacaíonn sé seo leis an méid atá le rá ag Ní Dhonnabháin (2013). Ar an iomláin, measann siad go bhfuil sé tábhachtach an teanga a choiméad beo agus ‘gur cuid d’ár gcultúr agus d’ár n’óidhreacht í.’ Chomh maith leis sin, dúirt scoláire amháin ‘Tá sé tábhachtach mar tá se ár dteanga.’ Agus ‘teastaíonn uaim ag labhairt na Gaeilge sa rang Gaeilge, is nuair a bhuaileann tú le duine a bhfuil Gaeilge acu. Ach, ag am lóin sa Ghaelcholáiste, ba mhaith liom a bheith ag labhairt Béarla.’ Feictear coimhlint anseo i dtaobh a n-aitheantas mar Ghaeilgeoirí agus an piarbhrú ó dhéagóirí na mórscóile an Béarla a labhairt. Taobhaíonn se seo an tuairim atá ag Wenger i Hall&Murphy (2008) gur cuid tábhachtach d’aitheantas e a bheith mar bhall de phobal.

Taitníonn an Ghaeilge leo ar mhórán chúiseanna. Tuigeann siad an tairbhe a ghabhann le teangacha agus ceapann siad ‘gur cuid mhór de theanga í a labhairt agus ‘bainim taitneamh as mo theanga féin a labhairt.’ Tuigtear go bhfuil meon casta ag muintir na hÉireann i dtaobh na teanga. Tacaíonn se seo le tuairim Titley (2004) mheasann nar éirigh le muintir na hÉireann ceist na teanga a réiteach riamh. Dúirt scoláire amháin ‘Is teanga neamhghnách í le stair chasta.’ Sa suirbhé thuaidh theas (2000) dúirt 24.4% gur

chóir an Ghaeilge a chaomhnú i gceol agus litríocht. Cheap an grúpa seo gur ‘teanga aoi bhinn ceolmhar é a oireann go mór don amhránaíocht agus filíocht.’ Ba mhian leo an Ghaeilge a chur chun cinn trí rudaí eile. ‘Chun an teanga a chruthú(chaomhnú) i measc na páistí caithfimid béim a chur ar drámaíocht, ceol agus fiú sport a bheith ar siúl, chun go mbeidh an Ghaeilge nádúrtha agus..Má tá club Gaeilge bheadh suim ag daoine mar Gaeilge amháin a bheadh ar siúl. Dar liom féin, mar a dhéanaimid sna Coláistí Samhraidh. An rud is fearr ná Gaeilge a chur chun cinn tríd na rudaí eile.’ Ar ndóigh, molann Gaelscoileanna ([www.Gaelscoileanna.ie\(4\)](http://www.Gaelscoileanna.ie(4))) imeachtaí iar-churaclaim freisin chun tacaíocht a thabhairt don teanga taobh amuigh den seomra ranga.

Léirigh an taighde a dhein Ní Dhonnabháin (2013) go bhfuil dearcadh dearfach ag scoláirí an tumoideachais i leith na Gaeilge chomh maith. Tuigtear chomh maith go mbíonn deiseanna le tapú leis an nGaeilge. ‘Tá go leor deiseanna ar fáil duit má tá líofacht agat-lóistín ar leath-phraghas, postanna i TG4 nó coláiste Samhraidh srl.’ Dúirt scoláire amháin ‘go dtugann oideachas trí Ghaeilge deis iontach duit do theanga féin a labhairt agus sa lá atá inniu ann tá an Ghaeilge ag fás nóiníní í gcúpla contae ach tugann sé an seans dúinn an Ghaeilge a labhairt ar scoil.’ Mholfaidís oideachas trí mhéan na Gaeilge, ach amháin do scoláirí ná bhfuil aon suim acu sa Ghaeilge nó scoláirí a thagann ó thíortha eile.’

Náire

‘Dá mbeadh gach duine ag déanamh é (ag labhairt na Gaeilge) ní bheadh náire ar éinne.’ Tá sé spéisiúil go mbíonn náire orthu fós Gaeilge a labhairt ós comhair lucht na mórscóile. Mar a dúirt Breathnach (1996) bíonn siad idir dhá mheon agus idir dhá scoil. Scaití, bíonn siad mórtasach agus scaití bíonn náire orthu. Taobhaíonn sé seo le

dearcadh Erikson (1968) a leagann béim ar mheascán mearaí i rith blianta na ndéag mar gheall ar aitheantas agus an páirt a ghlacann sé i bhforbairt an duine.

Dúirt duine eile ‘Ní maith liom a bheith ag labhairt na teanga an t-am ar fad mar táimid measctha leis an mórscoil agus ní féidir leo caint Gaeilge agus faighimid coiméad má bhímid ag labhairt Béarla.’ Suimiúil go leor, téann piar bhrú i bhfeidhm orthu fós sa séú bliain. Mar a dúirt duine amháin ‘Dá mbeadh gach duine ag déanamh rud ní bheadh náire ar éinne, mar bheadh sé faiseanta ansin.’ Aontaíonn taighde Uí Dhonnabháin (2013: 277) leis an tuairim seo mar gheall ar bheith ‘náirithe uaireanta ag labhairt na Gaeilge.’ Tacaíonn sé seo leis an méid a bhí le rá ag Nic Eoin (2011) freisin mar gheall ar mheabhrú do lucht labhartha an mhion-teanga mar gheall ar bheith in áit na leath-phingine i gcomparáid le lucht labhartha an mhóirtheanga. ‘Central to Irish speakers’ sense of linguistic identity, therefore, is their attitude to their own bilingualism. The native speaker is regularly reminded of the inferior position of his language.’ (Nic Eoin: 2011:108)

Deacrachtaí

Ardaíodh roinnt pointí maidir leis na deacrachtaí a bhíonn le sárú acu ar scoil trí Ghaeilge. Meascaítear na scoláirí leis an mórscoil taréis an Teastais Shóiséaraigh i dtreo is go mbíonn rogha ábhar níos leithne acu le haghaidh na hArdteiste. Ní bheadh sé d’achmhainn ag an scoil ábhair a chur ar siúl trí Ghaeilge muna mbíonn sé á lorg ag grúpa níos mó na seachtar. Marsin, téann na scoláirí chun na mórscoile má theastaíonn uathu ábhar nách bhfuil mórán éilimh air sa Ghaelcholáiste a dhéanamh. Ar ndóigh, déantar an t-ábhar trí Bhéarla ansin. Fuarthas amach gur chuaigh sé deacair orthu é sin a dhéanamh. Braitheann siad ait agus gach éinne ag féachaint orthu. ‘Tá sé deacair dul isteach sna ranganna mórscoile mar níl fhios agat aon duine.’ Taobhaíonn sé seo le

taighde Uí Dhonnabháin (2013) a deir go mbraitheann siad aisteach ag labhairt na Gaeilge i gcomhthéascanna áirithe.

Chomh maith leis sin, ba mhian leo go mbeadh níos mó ábhair ar fáil trí Ghaeilge don Ardteist. 'Níl múinteoirí anseo chun múineadh Stair agus Tíreolaíocht don Ardteist.'

Cheap siad go bhfuil sé níos deacra na hábhair a dhéanamh trí Bhéarla don Ardteist. Is fíú a lua gur aistrigh beirt as an gcúigear isteach sa Ghaelcholáiste ón mórscóil taréis an Teastais Shóisearaigh. Is deis é seo a thugtar do dhaltaí mórscóile a léiríonn a gcumas agus a suim sa teanga. Is mór an méid a d'eascair as an agallamh seo maidir lena dtuairimí i dtaobh an chórais. Níor aontaigh siad leis an dtriúr eile ar chor ar bith. 'Ach, nách bhfuil sé níos éasca Eolaíocht agus ábhair marsin agus a dhéanamh trí Bhéarla don Ardteist abair atá sé trí mhéan na Gaeilge don Ardteist mar nách féidir leat dul ar aghaidh go dtí an ollscoil agus Eolaíocht a staidéar ansin trí Bhéarla nách mbeifeá saghas cailte ansin gan an Béarla ar eolas agat.' (Mórscóil)

Iomhá

Is léir go bhfuil íomhá na Gaeilge sa scoil ag cur as dóibh. Cheap lear mór scoláirí 'go bhfuil club againn le haghaidh achan rud sa scoil ach nách bhfuil aon club Ghaeilge ag am lóin.' Ceapann siad chomh maith gur chóir níos mó siamsaíochta a chur ar fáil ag amanta sosa. Ba cheart, freisin, imeachtaí a chur ar siúl am lóin 'bainteach leis an nGaeilge leis an bhfeidhm bheith ann taitneamh a bhaint as.'

Mheas na Sinsearaigh chomh maith go bhfuil tuiscint níos fearr acu anois ar thábhacht labhairt ná Gaeilge ná mar a bhí acu nuair a bhí siad níos óige. 'Cheapamar go raibh sé cool an Béarla a labhairt agus níor bhac mórán daoine óga leis an nGaeilge a labhairt ansin ach anois tá tuiscint níos fearr againn ar an tábhacht a bhaineann leis so....'

Luadh gur chóir go mbeadh cainteoir na seachtaine/na bliana agus níos mó comórtaisí i labhairt na Gaeilge ann chun daoine a spreagadh. Luadh gur chóir go mbeadh gach ábhar ar fáil trí mhéan na Gaeilge le haghaidh na hArdteiste, gur chóir na ranganna Gaeilge a dhéanamh níos suimiúla le rudaí ar nós amhráin Béarla atá sna cairteacha a aistriú go Gaeilge. ‘Ba chóir níos mó cumadóireachta a dhéanamh, dánta, amhráin, scéalta, srl. D’fhéadfá rang a dhéanamh le ceoltóir ar nós John Spillane chun amhráin nua Gaeilge a chumadh.’ Réitíonn sé seo le taighde Uí Dhonnabháin (2013) freisin agus an bhealach ina gceapann scoláirí gur chóir go mbeadh íomhá faiseanta ag an nGaeilge.

Bhí scoláire eile a cheap go mba chóir ‘Gaeilgeoirí cáiliúla a thabhairt isteach ar nós Hector, chun grá don teanga a spreagadh. Ba chóir Gaeltacht a dhéanamh as suíomh na scoile freisin.’ Tá sé spéisiúil gur luaigh scoláire gur ceart Gaeltacht a dhéanamh as suíomh na scoile. Tá teoiric Holland *et al* (1998) le sonrú anseo nuair a deineadh iniúchadh ar shuíomh ina mbraitheann déagóirí compórdach no mí-chompórdach ag labhairt na teanga.

Luadh gur ‘ábhar inní é’ go raibh múinteoirí an Ghaelcholáiste ag éirí níos sine agus nách raibh aon múinteoirí nua óga ag tosnú. Meabhraítear focail i ndán Uí Dhíreáin darbh ainm ‘Deireadh Ré’ anseo ‘Fir na scéal’ agus ‘mná na séal.’ (Ó Direáin: 2010) Feiceann siad múinteoirí nua ag tosnú gach bliain sa mhórscoil. Ceapann an scoláire seo gur ‘ábhar inní é go bhfuil an méid sin daoine ag dul ar scoil trí Ghaeilge agus nách mbeidh go leor múinteoirí ann chun iad a mhúineadh.’ Arís, tá iomhá na Gaeilge faoi chaibidil anseo. Feictear dóibh go bhfuil an Gaelcholáiste thíos le dul chun cinn na morscoile nó i bhfocail eile an mhion-teanga thíos le dul chun cinn na máthar-teanga, rud a thacaíonn le taighde Nic Eoin (2011:108) agus an ‘inferior position’ atá acu.

Mealladh/Cáineadh

Tá coimhlint ann idir scoláirí a mhealladh chun Gaeilge a labhairt nó piónós a ghearradh ar lucht labhartha an Bhéarla. Cheap duine gur chóir go mbeadh seomra caidrimh do na Sinsearaigh a theastaíonn uathu an Ghaeilge a labhairt i dtreo is gur féidir leo dul ann ag amanta sosa. Cheap cúpla duine ‘in ionad brú a chur trí phiónós a thabhairt cúir dúiseanna agus rudaí eile ar siúl chun iarracht níos fearr a fháil ó na scoláirí.’ Ag an am céanna, murab ionann agus na Sóisearaigh, cheap siad go raibh gá le pionós a ghearradh Thuig siad go raibh daoine ag sárú na rialacha, rud a thaobhaíonn le taighde Uí Dhonnabháin (2013:272) agus Erikson(1968) agus an fonn a bhíonn ar dhéagóirí na rialacha a shárú. Nuair a chuireadh an cheist ar scoláirí ar cheap siad go raibh na múinteoirí ag leagan go leor béime ar an teanga agus an raibh siad dian go leor ar labhairt na teanga bhí tuairimí éagsúla acu ina bhfreagraí. Cheap duine amháin go gcuireann siad an bhéim ar labhairt na teanga agus cheap duine eile nách bhféadfaí an iomad béime a chur uirthi. Fiafraíodh freisin mar gheall ar phionós a ghearradh ar Bhéarla a labhairt san Aonad. ‘Ní chothaíonn piónós grá don Ghaeilge ach ag an am céanna, muna bhfuil an piónós ann ní bheidh an teanga á labhairt acu so is ceist chonspóideach í sin. Ceapadh chomh maith go bhfuil tuiscint níos fearr acu anois ar thábhacht labhairt ná Gaeilge ná mar a bhí acu nuair a bhí siad ina Sóisearaigh.

An Ghaeilge mar Ábhar Ardteiste

Ceapann siad go bhfuil Gaeilge éasca mar ábhar scoile agus go bhfuil an rang suimiúil go leor ach go bhféadfaí níos mó béime a leagan ar an nGaeilge labhartha. Aontaíonn sé seo le tuairim Uí Mhaoinigh (2013) a léiríonn gur mheas tromlach mór scoláirí Ardteiste nách bhfuil go leor béime ar Ghaeilge labhartha. Tuairim eile a bhí ann ná ‘Mar a dúirt Colm ba chóir an chuid is mó den bhéim a chur ar an nGaeilge labhartha agus bheadh an

suim ag daoine Gaeilge a dhéanamh muna mbeadh siad ag scríobh an t-am ar fad. Is slí iontach é chun taitneamh a bhaint as an ábhar mar níl tu ach ag caint le do chairde.'

Measadh gur chóir fáil réidh leis na sraitheanna pictiúirí sa scrúdú béil Ardteiste mar bíonn daoine 'ag foghlaim as (de ghlanmheabhair)' agus ceaptar nách dtugann sé 'meastúcháin ceart ar Ghaeilge an té atá ag caint.

É sin ráite, ceapann 80% de na scoláirí go bhfuil an cúrsa Gaeilge Ardteiste oiriúnach dóibh cé go n-athróidís cúpla rud ar an gcúrsa, na dánta agus an litríocht, ach go háirithe. Tagann se seo le taighde Uí Mhaoínigh (2013:55) ina n-aontaíonn lear mór scoláirí a cuireadh faoi suirbhé go raibh 'an iomad béime ar théascanna litríochta.' Tá roinnt daoine den tuairim gur chóir Gaeilge na hArdteiste a eagrú níos fearr chun 'é a chur in oiriúint do gach leibhéal.' Tacaíonn sé seo leis an méid a bhí le rá ag an bPríomhscrúdaitheoir ina chuid anailíse ar thorthaí na hArdteiste (2012:3) nuair a dúirt se 'go bhfuil obair le déanamh go fóill maidir le tacaíocht breise oiliúna a chur ar fáil do mhúinteoirí chun go mbeidh siad lánmhuíneach mar gheall ar cur chun cinn na teanga sa seomra ranga.'

Ar an iomláin, bhí tuairimí an suimiúla ag an dhá ghrúpa. D'eascair roinnt rudaí spéisiúla as an méid a bhí le rá acu. Is léir go spreagann an Gaeloideachas suim, meas agus grá sa Ghaeilge iontu ach is léir freisin nách córas foirfe é. Is cinnte freisin go bhfeiceann an grúpa is sine go bhfuil fadhbanna ag gabháil leis an gcúrsa Ardteiste 'Ba chóir an chúrsa a dhéanamh níos deacra agus níos suimiúla.rud a thacaíonn le dearcadh an Rialtais(2010) agus Conradh na Gaeilge(www.cnag.ie) sé sin gur chóir go mbeadh dhá chúrsa ann, ceann amháin i labhairt na Gaeilge agus ceann eile i litríocht na Gaeilge dóibh siúd a bhfuil dúshláin breise á lorg acu.

Teastas Sóisearach

Bhí tuairimí éagsúla ag scoláirí a bhí sa Ghaelcholáiste ón tús agus na scoláirí a bhog isteach taréis an Teastais Shóisearaigh cé gur fearr leo ar fad an t-oideachas trí Ghaeilge. Dúirt scoláire amháin a bhog isteach gur chuir sé'grá don Ghaeilge ós do chomhair nuair a bhíonn tú ag freastail ar scoil trí mhéan na Gaeilge.' Aontaíonn sé seo l'aidhmeanna na Gaelscolaíochta grá agus meas a spreagadh don teanga. (www.Gaelscoileanna.ie (6)) Mheas siad chomh maith 'Cinnte, b'fhearr liom oideachas trí mhéan na Gaeilge. Bhí an t-ádh linn an deis a fháil chun teacht go dtí an Gaelcholáiste taréis an idirbhliain/Teastas Sóisearach agus cinnte ón uair sin tá mo ghrá don Ghaeilge ag éiri níos láidre an t-am ar fad agus am, ní raibh clú dá laghad agam san idirbhliain cad ba mhaith liom a dhéanamh taréis scoile ach nuair a thosaigh me anseo sa Ghaelcholáiste táim ag smaoineamh ar dlí agus Gaeilge a dhéanamh nó an bunmhúinteoireacht agus níl dabht ar bith go mbeidh baint ag Gaeilge leis an dhá chúrsa seo agus déanfaidh mé mo dhícheall amach anseo chun í a choiméad beo.' Taobhaíonn sé seo taighde Ó Muircheartaigh agus Hickey (2008) a deir go gcothaíonn an tumoideachas grá don teanga. Cheap siad chomh maith go bhfuil an cúrsa Gaeilge Ardteiste i bhfad níos oiriúnaí ná Gaeilge an Teastais Shóisearaigh. 'Bíonn an seans againn caint agus scríobh faoi chúrsaí reatha san Ardteist ach sa Teastas Sóisearach bhí gach rud foghlamtha de ghlanmheabhair agus bhí sé just like le foghlaim agat.' Aontaíonn sé seo le taighde Uí Mhaoinigh (2013) a léirigh go raibh an cúrsa nua Ardteiste níos oiriúnaí.

Ceapann na scoláirí a tháinig ón mórscóil taréis an Teastais Shóisearaigh go bhfuil níos mó grá acu don teanga ná mar a bhí acu roimh dóibh teacht isteach sa Ghaelcholáiste. Ní raibh gach éinne a bhí sa Ghaelcholáiste ar aon aigne go raibh Gaeilge don Teastas Sóisearach 'just le foghlaim agat.' 'Ní aontaím go hiomlán leis sin mar is cuimhin liom go

raibh an chraic againn istigh sa rang leis an múinteoir. Bhíomar ag canadh agus ag damhsa agus chuir sí béim ar an gcultúr a bhaineann leis an Gaeilge chomh maith leis an nGaeilge.’ Léiríonn an taighde ata déanta ag Ní Chonail (2013) ar mheonta scoláirí ar an nGaeilge don Teastas Sóisearach go gceapann scoláirí a dhéanann Gaeilge i scoileanna Béarla go bhfuil an iomad béime leagtha ar an ngramadach agus nách bhfuil go leor deiseanna acu an Ghaeilge a labhairt.

É sin go léir ráite, tá meon dearfach agus tuairimí dearfacha acu i leith na Gaeilge agus i leith an Ghaelcholáiste. Ceaptar go bhfuil atmaisféar álainn ann cé nách bhfuil an méid sin scoláirí ag freastail air. Ceaptar chomh maith go léirítear suim, grá agus meas ar an teanga agus go bhfuil tuiscint níos fearr acu ar a gcultúr agus ar a n-oidhreacht ná mar atá ag a gcomhscoláirí ar an taobh Béarla. Taobhaíonn sé seo le dearcadh Mas-Moury (2011) mar gheall ar Ghaeloideachas agus an éirí in airde a bhíonn orthu. ‘Ceapaim go bhfuil aitmeasféar álainn istigh sa Ghaelcholáiste mar is ionad beag suimiúil e agus fíu nách bhfuil mórán ann bíonn guth agus arddlór le cloisteáil timpeall na scoile gach bliain.’

Mar fhocal scoir, tá go leor fianaise sa mhéid atá ráite ag na scoláirí go mbraitheann siad difrúil ó lucht na mórscoile. Cheap siad gur rud éagsúil é a bheith ag labhairt na Gaeilge agus go mbíonn náire orthu uaireanta i measc an tslua, mar a dúirt Ní Dhonnabháin (2013:252) ‘ócáidí nuair a bhíonn an solas ró-ghéar.’ Ní thaitníonn sé leo nuair nách mbíonn siad cosúil le gach duine eile ach ní hionann sin is a rá nách bhfuil siad mórtasach as a gcumas dátheangach. Taobhaíonn sé seo leis an méid ata le rá ag Breathnach (1996) agus iad a bheith idir dhá aigne mar ní he nách bhfuil grá agus omós acu don teanga. Níl aon fonn orthu seasamh amach ar scoil agus marsin, ní labhraíonn siad an teanga nuair nách mbíonn múinteoirí timpeall mar sheasfaidís amach ón tslua

dá labhróidís, ach go háirithe mar Shínsearaigh a théann chun na mórscoile chun ábhair éagsúla Ardteiste a dhéanamh Ní hé go ndéanann éinne an cinneadh Béarla a labhairt ach níor mhaith leo a bheith ag leanúint na rialacha an t-am uilig. Aontaíonn sé seo le tuairim Erikson (1968) agus an dúil a bhíonn iontu na rialacha a shárú. Mothaíonn siad piar bhrú óna gcomhscoláirí, ní hamháin san Aonad ach sa taobh Béarla chomh maith. Ar an lámh eile, tuigeann siad go bhfuil bua breise acu leis an teanga, rud a sheasfaidh dóibh dá saol.

Caibidil5: Conclúid agus Moltaí:

'Gaid a scaoileadh

Ní ionann

Is ualach a ligean

Síos díot'

(Ó Díreáin:2010)

Ba é an aidhm a bhí leis an bpíosa taighde seo ná iniúchadh a dhéanamh ar mhúineadh agus ar labhairt na Gaeilge in Aonad Ghaelcholáiste féachaint an bhféadfaí feabhas a chur ar labhairt na Gaeilge. Iniata sa phríomh-iniúchadh tagadh ar thrí mhion-cheist ar ar deineadh iarracht iad a fhreagairt le linn an taighde.

*Cad é meon na ndaltaí i leith na Gaeilge sa scoil?

*Cad iad na dúshláin a bhaineann leis an nGaeilge a chur chun cinn?

*Conas is féidir feabhas a chur ar labhairt na teanga sa scoil seo?

I dtosach báire, deineadh cur síos sa léirmheas litríochta ar choincheap an tumoideachais agus ar choincheap an dátheangachais. Luadh na buntáistí ar fad a ghabhann leis. (Cummins:2008) Taispéanadh chomh casta is atá sé an dátheangachas a mhíniú sa mhéid is nách bhfuil mórán idirdhealú idir an té atá líofa agus an té a bhfuil cúpla focal acu. (Ní Dhonnabháin:2013) Tugadh cur síos freisin ar stair chasta mhuintir na hÉireann agus an Ghaeilge agus an ról agus na polasaithe éagsúla a bhíodh ag Ceannairí na tíre agus iad ag iarraidh an Ghaeilge a thabhairt ar ais mar phríomh-theanga na hÉireann tráth. (Boylan:1998) Cuireadh an t-eolas a bhailíodh faoi bhráid an léitheora agus deineadh plé agus anailís ar thorthaí an taighde. Pléadh straitéisí éagsúla

a chuirfeadh feabhas ar labhairt na Gaeilge maraon leis na hiarrachtaí agus athruithe is déanaí leis an siollabas chun béim a leagan ar Ghaeilge chumarsáideach, ach go háirithe.(Rialtas na hÉireann:2007&N.C.C.A.:2010) Rinneadh plé ar an dtuairim atá ag Conradh na Gaeilge (www.cnag.ie(1)) agus an Rialtas(2010) gur chóir an Ghaeilge a roinnt agus labhairt na Gaeilge a bheith mar ábhar ag gach duine agus litríocht na Gaeilge a bheith mar rogha dóibh siúd a bhfuil dúshláin breise uathu nó spéis ar leith acu sa teanga. Pléadh chomh maith na dúshláin agus deacrachtaí atá fós le sárú aici. Pléadh an t-athrú atá tagtha ar an meon i leith na Gaeilge ón uair a shamhlaíodh í mar theanga na mBochtán (Boylan:1998) go dtí an lá atá inniu nuair a deirtear gur scoileanna iad Gaelscoileanna le haghaidh lucht an rachmhais.(Carey:2008) Pléadh an fás agus forbairt ollmhór atá tagtha ar líon na nGaelscoileanna le blianta beaga anuas. (www.Gaelscoileanna.ie(7)) Rinneadh plé ar bhlianta na ndéag agus an t-aitheantas agus baineadh úsáid as anailís Wenger *et al* (1998) agus Holland *et al*(2008). Pléadh an fhéinmhinín agus an easpa féinmhuiníne a bhíonn orthu mar Ghaeilgeoirí, mar mhionlach i measc an tslua. Chomh maith leis sin, pléadh an chaoi a mbíonn aitheantas déagóirí ag síor-athrú i rith blianta na hóige, ach go háirithe. Thacaigh an méid a bhí le rá ag Ní Dhonnabháin (2013) ar mheonta déagóirí Éireannacha i leith na Gaeilge leis an tuairim go mbraitheann siad difrúil uaireanta mar Ghaeilgeoirí. Labhraíodh faoin idirdhealú atá ann idir Gaeilgeoirí na Gaeltachta agus Gaeilgeoirí na Cathrach.(Ní Dhonnabháin:2013) Rinneadh anailís ar na buntáistí ar fad a bhíonn ag Gaeilgeoirí agus na deiseanna a bhíonn acu an teanga a labhairt maraon leis an spreagadh ar fad a fhaigheann siad ó mhúinteoirí agus óna dtuistí. (Murtagh:2008)

Sa chaibidil ar an modheolaíoch, deineadh cur síos ar na modhanna éagsula a usáideadh le linn an taighde agus na fáthanna a bhí ag an taighdeoir leas a bhaint as an cur chuige sin. An chéad cheist ar ar deineadh iarracht a fhreagairt ná 'Cad é an meon atá ag

scoláirí i leith na Gaeilge.’ Is léir dom ag an bpointe seo go bhfuil dearcadh an dearfach ag na scoláirí i leith na Gaeilge i gcoitinne. Baineann labhairt an Bhéarla san Aonad níos mó le leisciúlacht, le deacrachtaí, l’easpa líofachta agus le fonn rialacha a bhriseadh níos mó ná aon rud eile. Ní fheictear don dhá ghrúpa go bhfuil aon easpa measa á léiriú acu ar an nGaeilge nuair ná ch dtaobháitear í san Aonad. Maidir leis na Sinsearaigh ní annamh a mbraitheann siad mí-chompórdach ag labhairt na Gaeilge ós comhair a gcomhscoláirí thall sa mhórscoil. Téann siad i dtaithí ansin ar Bhéarla a labhairt leo agus eiríonn sé deacair an nós sin a bhriseadh. Ceapann siad chomh maith gur ceart go mbeadh an rogha acu a rogha rud a dhéanamh ag amanta sosa ós rud é go bhfuil an teanga á usáid acu sa seomra ranga i gcaitheamh an lae. Ar an iomláin, is maith leo an teanga a labhairt ach ní an t-am ar fad. Tá sé tábhachtach a chur ina luí ar na scoláirí go bhfuil éagóir á dhéanamh orthu féin mar Ghaeilgeoirí agus ar an teanga más é an Béarla an teanga atá a labhairt acu agus iad ar scoil. An dara dúshlán atá ann ná a chur ina luí orthu gur chóir dóibh a bheith bródúil agus féinmhuiníneach i dtaobh na teanga.

Tá sé spéisiúil ar thaobh amháin go bhfuil siad bródúil mar Éireannaigh go bhfuil ar a gcumas an Ghaeilge a labhairt go líofa ach nuair a thagann sé go dtí cnámh na huillinne, níl sé de mhisneach acu í a usáid ina saol laethúil ós comhair daoine ná ch ón nGaelcholáiste iad. Tá náire orthu agus braitheann siad míchompórdach ag labhairt na Gaeilge ós comhair lucht na mórscoile agus diúltaíonn siad a n-aitheantas mar Ghaeilgeoirí ansin. Tá trasnú bhunúsach anseo. Tacaíonn cuid den méid a bhí le rá ag Ní Dhonnabháin(2013) mar gheall ar déagóirí Éireannacha agus a meon ar an nGaeilge leis seo. Labhraíonn siad an teanga ag brath ar cé leis/leí a bhfuil siad ag caint agus go ndéanann siad cinnidh rialta ar an teanga i bhfios nó i ngan fhios dóibh fhéin. Uaireanta, diúltaíonn siad a n-aitheantas mar Ghaeilgeoirí i measc pobal ná ch Gaeilgeoirí iad. Ó am go chéile, cuireann siad a n-aitheantas i bhfolach nó chun cinn ag brath ar an

gcomhthéasc sóisialta. Tacaíonn sé seo leis an méid atá le rá ag Wenger (1998) chomh maith.

Tá baint aige seo le bheith ins na déaga agus freisin a bheith mar chuid de mhionlach le máthair teanga eile ag tachtú an mhion teanga. (Nic Eoin: 2011) Maidir le bheith ardnósach mar gheall ar an teanga tá sé soiléir go gceapann siad go bhfuil rud breise acu agus go bhfuil buntáistí ag baint le bheith dátheangach. Tacaíonn na torthaí leis an méid atá le rá ag Baker(2008) mar gheall ar bhuntáistí an dátheangachais. Ní thacaíonn sé seo le cad atá le rá ag Carey (2008) agus McWilliams(2005) mar gheall ar Ghaelscolaíocht do lucht an rachmhais amháin agus an éirí in airde a ghabhann leis an nGaeloideachas.

An dara ceist a bhí ann ná céard iad na dúshláin a bhaineann leis an nGaeilge a chur chun cinn? Níl aon amhras ach go mbaineann cuid de na deacrachtaí atá le sárú le tionchar na mórscóile ar an nGaelcholáiste. Is ábhar díoma é ná bhfuil sé de mhuinín ag scoláirí an Ghaeilge a labhairt ós comhair a gcomhscoláirí mórscóile gan trácht ar chúpla focal a labhairt leo. Tacaíonn sé seo leis an méid atá le rá ag Ní Dhonnabháin (2013) mar gheall ar déagóirí a bhraitheann aisteach ag labhairt na teanga uaireanta. Tacaíonn sé freisin leis an bhfianaise a bhí ag Murtagh (2003) mar gheall ar an gcaoi ná n-usáideann siad an scrúdú béil Ardteiste mar leithscéal chun Gaeilge a chleachtadh eatarthu féin ná lena gcairde mórscóile.

Dúshlán eile a fheictear i meon na scoláirí i dtaobh labhairt na Gaeilge ná gur léir ná chreideann siad sa sean-fhocal 'Beatha teanga í a labhairt.' Níl aon amhras ach go bhfuil grá agus meas acu ar an teanga agus go bhfuil tuiscint de shaghas éigin acu ar thábhacht na teanga. É sin ráite, ní fheiceann na Sóisearaigh aon dhualgas orthu féin í a labhairt. Ní cheapann siad gur chóir go mbeadh sé de dhualgas orthu an teanga a labhairt an t-am ar fad ar scoil. Ar an dtaobh eile den scéal feiceann na Sínsearaigh tábhacht agus castacht na teanga. Treisíonn sé sin leis an méid sa Straitéis fiche bliain a dúirt gur ceart dúinn an

Ghaeilge a chaomhnú ins na Gaeltachtaí agus sa Chóras Oideachais.(Rialtas na hÉireann:2010) De réir dealraimh, tá sé tábhachtach an teanga a chosaint a fhad is nách faoin duine féin é í a chosaint.

An chéad dúsblaín eile atá ann ná sna hábhair nách múintear trí mhéan na Gaeilge don Ardteist, ach go háirithe. Go dtí leibhéal an Teastais Shóisearaigh, múintear gach ábhar trí Ghaeilge ach amháin an Béarla agus an Creideamh. Tarlaíonn sé ó am go chéile freisin, má tá múinteoir as láthair nách mbíonn Gaeilge ag an ionadaí. Sa 4ú, 5ú agus 6ú bliain tagann athrú ar an scéal. Ní chuirtear ábhar ar fáil go dtí go mbíonn grúpa a lorg. Tagann an t-ábhar roimh an nGaeilge. Mar shampla, bíonn Fisic ar siúl trí Bhéarla. Ní bhíonn rang mór Fisice riamh marsin má theastaíonn ó scoláire Ghaelcholáiste í a dhéanamh déanann sé/sí í trí Bhéarla. Chomh maith leis sin, faigheann scoláirí mórscoile agus Gaelcholáiste na foirmeacha céanna áit a bhfuil rogha an t-ábhar a dhéanamh trí Ghaeilge nó trí Bhéarla. Marsin is féidir le scoláire Gaelcholáiste an t-ábhar a roghnú trí Bhéarla más mian leo. Tá gach seans ann go bhfuil an iomarca solúbthachta anseo. Uaireanta freisin, ní bhíonn múinteoirí ar fáil ná cáilithe chun an t-ábhar a mhúineadh trí Ghaeilge. Arís, d'fhógair an Rialtas sa Straitéis go gcuirfí níos mó áiteanna Ollscoile ar fáil trí Ghaeilge. (Rialtas na hÉireann:2010)

Is mithid don Roinn Oideachais agus Scileanna cúrsa cuimsitheach, leanúnach, ciallmhar a chur ar bun do scoileanna a chuirfidh ar chumas gach aon dalta bunscoile sa tír caighdeán ard i labhairt na Gaeilge a bhaint amach faoi aois dhá bhliain déag. Toradh náireach é easpa Gaeilge na scoláirí Ardteiste i ndiaidh trí nó ceithre bliana déag a chaitheamh á foghlaim. (Ó Laoire: 2007)

Mar fhocal scoir, faoi láthair na huair, níl ach triúr múinteoirí lonnaithe go lán-aimseartha sa Ghaelcholáiste. Bíonn na múinteoirí eile ag imeacht ón Mórscoil go dtí an

Gaelcholáiste i gcaitheamh an lae. Fágann sé sin go mbíonn fuadar fúthu agus iad imeacht ó rang go rang. Ní haon ionadh marsin nách mbíonn mórán múinteoirí fágtha san Aonad i rith an lae idir na ranganna agus ag amanta sosa. Dúirt 90% de na scoláirí go labhraíonn siad Gaeilge nuair a bhíonn na múinteoirí timpeall. Sular thosaigh an taighdeoir ar an bpíosa taighde seo, Ba é an seasamh a bhí aici ná dá mbeadh níos mó múinteoirí lonnaithe sa Ghaelcholáiste amháin, go gcuideodh sé le labhairt na teanga. Anois, tuigeann sí nách scéal simplí atá ann. Ón méid a bhí le ra ag lucht na hArdteiste, ach go háirithe, tá gá le scoláirí a mhealladh chun Gaeilge a labhairt agus ní leor pionós a ghearradh ar labhairt an Bhéarla.

Ó am go chéile, bíonn deacrachtaí ag na Sóisearaigh leis an nGaeilge a labhairt agus le teach ar na focail cearta nuair a bhíonn siad uathu. Cé go dtaitníonn an Ghaeilge leo, ní hí an mhathair-teanga í i ndeireadh na dála. Tagraíodh freisin sa taighde ar na deacrachtaí a bhíonn ag scoláirí a thagann ó bhunscoileanna Béarla. Dar le Ó Muircheartaigh & Hickey(2008) ní bhíonn scoláirí a thagann go scoileanna lán-Ghaeilge níos déanaí chomh muiníneach as a gcuid scileanna labhartha mar measann siad nách bhfuil siad chomh maith lena gcomhleacaithe cé nách annamh a mbíonn siad níos cumasaí ag an teanga. Ar ndóigh, is fáinne fí é seo mar téann an dá rud lámh ar lámh lena chéile. Dá labhróidís Gaeilge níos minice thioctadh feabhas ar an bhfoclóir tapa go leor agus bheadh sé níos fusa dóibh. (Murphy:2013)

An cheist deireanach a cuireadh ná conas a d'fhéadfaí feabhas a chur ar labhairt na Gaeilge san Aonad. Is ceist chasta í sin, ar ndóigh ach bhí roinnt réiteach ag na scoláirí féin. Measann na Sínsearaigh, mar shampla, go bhfuil tuiscint níos fearr acu ar thábhacht na teanga anois ná mar a bhí acu nuair a thosaigh siad sa chéad bhliain. Marsin, is den riachtanas é na Sínsearaigh a mhealladh chun cabhrú lena ndul chun cinn.

Dar le Wenger (1998) forbraítear ár n-aitheantas tríd ár mballraíocht agus ár gcumas páirt a ghlacadh. Nách luífeadh sé le ciall na scoláirí a chur i bhfeighil cur i bhfeidhm na teanga san Aonad tríd iad a chur i bhfeighil na gcomórtaisí éagsúla, cuir i gcás na Sínsearaigh a chur i bhfeighil an chomórtais Shóisearaigh i labhairt na Gaeilge?

Ní foláir don scoil breathnú ar íomhá na Gaeilge sa scoil iomláin agus iarrachtaí a dhéanamh chun íomhá na Gaeilge a dhéanamh níos faiseanta. Dá n-ardofaí stádas na Gaeilge, mheallfadh se seo scoláirí mórscoile agus Gaelcholáiste i dtreo na teanga.

Luaigh scoláire amháin gur chóir go mbeadh seomra caidrimh dóibh siúd a theastaíonn uathu Gaeilge a labhairt. Níl aon amhras orm ach go gcabhródh sin le lucht labhartha na Gaeilge, ach go háirithe i measc na Sínsearach. Is beag spas dá gcuid féin atá acu. Dá bhféadfaimis seomra a chur ar fáil ina mbéadh bac ar an mBéarla agus dá mbeadh ar na scoláirí a léiriú go mbíonn Gaeilge á labhairt acu thuillfidis a mbealach isteach sa seomra compórdach seo, áit a mbeadh malaí ponairí, cathaoireacha compórdacha, oigheann micreathonnach, citeal agus rudaí le haghaidh sóláistí. Seomra do Shínsearaigh amháin a mbeadh ann. Teastaíonn neamhspléachas ó dhéagóirí ag an aois sin agus chruthódh sé áit shabháilte dóibh chomh maith. Sa chaoi seo, d'fhéadfaidís a n-aitheantas Gaelach a mhúnlú, (Wenger: 1998) rud a chothódh bród agus muinín sa teanga.

Nuair a thagann sé chomh fada le straitéisí múinteoireachta a chuirfeadh feabhas ar labhairt na teanga tá réiteach amháin so-dhéanta. Dúirt na scoláirí sa chéad bhliain go dtéann sé deacair orthu teacht ar na focail cearta uaireanta agus uaireanta eile bíonn sé níos simplí Béarla a labhairt. Marsin, má mhúintear na rudaí a bhfuil baint acu le saol na scoláirí féin, ach go háirithe, ní bheadh na deacrachtaí acu ansin is atá acu anois. Tacaíonn sé seo leis an méid ata le rá ag Murphy go mba chóir go mbeadh na tascanna páiste-lárnach. (Murphy: 2013) Freisin, is den riachtanas é a mhúineadh dóibh conas teacht timpeall ar rudaí a rá nuair nách mbíonn an focal cruinn acu. Is scil ar leith é seo

ar a ghlaotar ‘Circumlocution’ (Murphy: 2013:3). Chun an dhá dhualgas sin a chomhlíonadh (Murphy:CLT:3) tá gá le ‘béim a chur ar an gcumarsáid agus ligint do na foghlaimeoirí labhairt lena chéile níos mó i gcomhthéasc nadúrtha.’

Tá sé soiléir go bhfuil, agus go mbeidh deacrachtaí le sárú ag an nGaeilge labhartha san Aonad ach i bhfocail scoláire amháin. ‘Ceapaim go bhfuil todhchaí geal ag an nGaelcholáiste.’

Tairbhe an Taighde

Adhmhaítear gur staidéar teoranta atá sa mhéid atá déanta anseo ach é sin ráite taighde tábhachtach scoil bhunaithe is ea é i dtaobh dul chun cinn an Aonaid. Tá sé mar chuid de phlean an rialtais (Rialtas na hÉireann:2010) níos mó Aonad a bhunú timpeall na tíre chun freastail ar fhorbairt na nGaelscolaíochta sa tír seo. Bhí sé spéisiúil tuairimí na scoláirí a chloisint agus beifear ag súil go gcuirfear a gcuid moltaí i bhfeidhm sa todhchaí san Aonad faoi chaibidil anseo agus sna hAonaid a bheidh a bhunú amach anseo. Tacaíonn an taighde leis an litríocht agus an teoiric atá ann cheana féin maidir leis an dearcadh atá acu i leith na teanga, na dúshláin atá roimpi agus na slite éagsúla chun feabhas a chur ar an nGaeilge labhartha

Mar fhocal scoir, . Is minic a bhíonn réiteach na ceiste i gcroí-lár na faidhbe. Is den riachtanas é éisteacht le tuairimí na scoláirí agus cluas na héisteachta a thabhairt dóibh ar bhonn rialta. Ní mór éisteacht go géar lena nguth agus cabhrú leo na dúshláin a shárú agus a gcúiseanna a thuiscint. Is den riachtanas é

‘féachaint go bhfaiscfeá leathghad

In aghaidh gach gaid a scaoilis.’

(Ó Díreáin:2010)

Leabharliosta

Committee on Irish Language Attitude Research (CLAR)(1975) Report. Baile Átha Cliath:The Stationary Office.

Coles, A. & McGrath,J. (2010). Your Education Research Project Handbook. Dorset. Pearson Education Ltd.

Cronin, M. (2005). *An Ghaeilge san Aois Nua*. Baile Átha Cliath: Cois Life Tta.

Cronin, M. & Ó Cuilleanáin, C. (Eag.í). (2003) *The Languages of Ireland*. Baile Átha Cliath: Four Courts Press.

Cummins, J. (1976). The Influence of Bilingualism on Cognitive Growth: a Synthesis of Research Findings and Explanatory Hypothesis. *Working Papers on Bilingualism*, Vol. 19, lgh. 1-43.

Cummins, J. (1978). Bilingualism and the Development of Metalinguistic Awareness. *Journal of Cross-Cultural Psychology*, Vol. 9, lgh. 131-49.

Cummins, J. (1978). Immersion Programs: The Irish Experience. *International Review of Education*, Vol. 24, lgh. 274-280.

Cummins,J.(2008))Bilingual and Immersion Programs.ar fáil:
<http://www.gaelscoileanna.ie/assets/Bilingual-and-Immersion-Programs.pdf>

Cummins, J. (1998). Immersion education for the millennium: What have we learned from 30 years of research on second language immersion? Second Katoh Gakuen International Symposium and Bilingual Education.(pp.34-47).). Katoh Gakuen, Japan.

De Búrca,C-(2008) Na Gaelscoileanna: An Chuach sa Nead. Ar fáil:
<http://www.gaelscoileanna.ie/assets/Tráchtas-Colm-de-Búrca-2008.pdf>[Rochtaithe ar:28 Feabhra 2014]

Dialann Scoile. (2009) Baile Átha Cliath.Unique Publishing.

Doucet, A. (2003) Sociology. Sage publications: London.Volume 37.No.3.

Edwards, J. (2009). *Language and Identity*. Cambridge: Cambridge University Press.

English,E. (2011)E>E> Top Marks for Cork Principal. Irish Examiner,Friday 11 Samhain 2011.<http://www.irishexaminer.com/ireland/education/top-marks-for-cork-principal-173630.html>

Erikson, E.H. (1968). *Identity: Youth and Crisis*, New York:Norton& Co.

Fennell, K. (2004). The Sound Within. I. C. Mac Murchaidh (Eag.), *Who Needs Irish?: Reflections on the importance of the Irish language*. Baile Átha Cliath: Veritas, lgh. 24-33

Hanafin, M. speech 'Promoting Oral Irish in Post-primary Schools, Government Buildings,11th March 2007)

Harris, J. agus O Duibhir,P.(2011).Múineadh Eifeachtach Teangacha. Sintéis ar thaighde.Tuarascáil Taighde 13.An Chomhairle Naisiúnta Curaclaim agus Measúnachta:http://www.ncca.ie/ga/Foilseach%C3%A1n/Tuarasc%C3%A1lacha/muineadh_eifeachtach_teangacha.pdf

Hall,K.&Murphy,P.(2008) Learning and Practice: Agency and Identities. London. Open University.

Hall, K. &Murphy, P. &Soler, J. (2008) Pedagogy and Practice:Culture and Identities.London.Open University.

Hitchcock, G & Hughes,D. (1989).Research and the Teacher: A Qualitative Introduction to School based Research. London: Routledge.

- Holland, D., Lachicotte, W., Skinner, D. & Cain, C. (1998). *Identity and Agency in Cultural Worlds*. Cambridge, Mass.: Harvard University Press.
- Hopkins, D.(1993) A Teachers Guide to Classroom Research. Buckingham. Open University Press.
- Hopkins, P. E. (2010) *Young People, Place and Identity*. London: Routledge.
- Jiang, Y. (2013) Identity, motivation and autonomy in Language Learning, *International Journal of Bilingualism*, DOI:10.1080/13670050.2013.857506
- Johnson, R. K & Swain, M.(1997). *Immersion Education: International Perspectives*. Cambridge, UK: Cambridge University Press.
- Joppe, M.(2000):*The Research Process*.
- Kavanagh, J. (1999) Teaching Irish as a Second Language: Outcomes from all-Irish secondary schools compared with schools where Irish is a single subject. PhD thesis, La Trobe University, Bundoora, Victoria.
- Kenner, C. (2004) *Becoming Biliterate* :Trentham
- McWilliams, D.(2005). *The Pope's Children*:Dublin:Gill & McMillan.
- Mac Murchaidh, C. (Eag.). (2004). *Who Needs Irish? Reflections on the importance of the Irish language*. Baile Átha Cliath: Veritas.
- Mas-Moury, V.(2011) Parents attitudes to the Gaelscoil as a school for the elite. Coláiste Ollscoil B.A.C. Cur I láthair ag seimineár Taighde ar an Gaeloideachas 17/01.11) ar fáil http://www.gaelscoileanna.ie/assets/Seimineár-Taighde_Parents-attitude-to-gaelscoileanna-as-schools-for-the-elite1.pdf
- Murphy, B.(2013) Léacht:Múineadh Éifeachtach Teangacha:1/10/13.
- Murtagh, L. (2007). Out-of-school use of Irish, motivation to learn the language and proficiency in immersion and subject only post-primary programmes. *International Journal of Bilingualism and Bilingual Education*, 10 (4), lgh. 428-453.
- Ní Chonail, M.(2013) Meon na ndaltaí i leith na Gaeilge don Teastas Sóisearach.neamhfhoilsithe.
- Ní Dhonnabháin, A. (2013)An dátheangachas agus an t-aitheantas:Déagóirí Éireannacha san 21úAois:ar fáil: <http://www.cogg.ie/pdf/trachtasaine.pdf>
- Nic Eoin, M. (2011). Cultúr na Gaeilge nó Pobal na Gaeilge? The Irish Language and Identity from Douglas Hyde to Des Bishop. I. P. Ó Duibhir, R. McDaid & O' Shea, A. (Eag.í). *All Changed? Culture and Identity in Contemporary Ireland/Cultúr agus Féiniúlacht in Éirinn an lae inniu*. Baile Átha Cliath: Duras Press, lgh. 105-144.
- Ní Mhaoinigh, S.(2013) Leasaithe ar Scrúdú na hArdteistiméireachta: anailís ar a dTionchar. Ionad na dTeangacha, Maigh Nuad.
- Ó Díreáin, M.(2010) Na Dánta:Máirtín Ó Díreáin: Clór Iar-Chonnachta, Gaillimh.
- Ó Duibhir, P. (2009). A comparison of Irish immersion students' attitudes and motivation to Irish in the Republic of Ireland and Northern Ireland. Language, Learning and Context 42nd BAAL Conference, Newcastle, Sasana.
- Ó Duibhir, P. (2010a). 'Its only a language.': The attitudes and motivation of Irish-medium education students to the Irish language. I. W. Hutchinson & C. Ní Ríordáin (Eag.í). *Language issues: Ireland, France, Spain*. Brussels: P.I.E. Peret Lang, lgh. 121-138.
- Ó Laoire, M. (2005). I. Ó hAiniféin, D. (2008) *An Tumoideachas in Éirinn/Immersion Education in Ireland*. Baile Átha Cliath: Coiscéim agus Conradh na Gaeilge.
- Ó Laoire, M.(2007)An Approach to Developing Language Awareness in the Irish Language Classroom:A Case Study, *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*,10:4,454-470,DOI:10.2167/beb454.0
- Ó Muirheartaigh J.& Hickey, T. (2008) Academic Outcome, Anxiety and attitudes in Early and Late Immersion in Ireland, *International Journal of Bilingual Education and*

Bilingualism,11-5,558-576 ar fáil .

<http://dx.doi.org/10.10080/13670050802149184>[Rochtaithe ar 27 feabhra 2014]
Ó Murchú,H.(2003) Oideachas trí mhéan na Gaeilge I bPoblacht na hÉireann.In M. Scott and R Ní Mhaoill(eds) Gaelic-medium education provision: Northern Ireland, The Republic of Ireland, Scotland and the Isle of Man(Belfast Studies in Language, Culture and Politics,8)Belfast:Cló Ollscoil na Banríona.

Ó Riagáin,P. (2007) Relationships between attitudes to Irish, Social Class, Religion and National Identity in the Republic of Ireland and Northern Ireland, *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*,10:4,369-393,DOI:10.2167/beb450.0

Raschka, C., Wei, L. & Lee, S. (2002). Bilingual development and social networks of British-born Chinese children. *International Journal of the Sociology of Language* 153, lgh. 9-25.

Titely, A. (2004). How Did We Get Here From There? I. C. Mac Murchaidh (Eag.), *Who Needs Irish?: Reflections on the importance of the Irish language*. Baile Átha Cliath: Veritas, lgh. 13-23.

<http://www.gaeilge.ie/ForasnaGaeilge/Maidir le Foras na Gaeilge.asp>. [Rochtaithe ar 5 Márta]

www.gaelscoileanna.ie/assets/Seimine%C3%A1r-Taighde_Parents-attitude-to-gaelscoileanna-as-schools-for-the-elite1.pdf. Rochtaithe ar 5 Márta 2014.

http://en.wikipedia.org/wiki/Status_of_the_Irish_language. [Rochtaithe ar 6 Márta 2014]

<http://www.gaelscoileanna.ie/files/Dr-Charman-Kenner-UCD-Oct-18th-20131.pdf>[Rochtaithe 10 Márta]

Rialtas na hÉireann. (2010). *Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge 2010-2030*. B.Á.C.: Oifig an tSoláthair. ar fáil:<http://www.ahg.gov.ie/en/20-YearStrategyfortheIrishLanguage2010-2030/Publications/20-Year%20Strategy%20-%20English%20version.pdf>[Rochtaithe ar 11 Márta]

Siggins,L. (2014). Protest over Language Rights held in Gaeltacht. Irish Times, Dé Luain 14 Feabhra,2014.lth.ar fáil <http://www.irishtimes.com/culture/heritage/protest-over-irish-language-rights-held-in-gaeltacht-1.17020131>

¹ https://cnag.ie/index.php?page=feachtais&campaign_id=2

Wenger, E. (1998). *Communities of Practice: Learning, Meaning, and Identity*, Cambridge: Cambridge University Press.

www.cnag.ie

1. https://cnag.ie/index.php?page=feachtais&campaign_id=2

www.Gaelscoileanna.ie

1.<http://www.gaelscoileanna.ie/schools/aonaid-lan-ghaeilge/>

2<http://www.gaelscoileanna.ie/assets/Bilingual-and-Immersion-Programs.pdf>

3. http://www.gaelscoileanna.ie/files/muineadh_eifeachtach_teangacha.pdf

4. <http://www.gaelscoileanna.ie/immersion-education/cad-e-tumoideachaswhat-is-immersion-education/>

(5) http://www.gaelscoileanna.ie/files/muineadh_eifeachtach_teangacha.pdf

(6) <http://www.gaelscoileanna.ie/about/>

(7) <http://www.gaelscoileanna.ie/about/statistics/>

www.muinteoirgaeilge.ie

1 .http://www.muinteoirgaeilge.ie/resource_category/view/470

Aguisín 1

Foirm aontaithe na scoláirí agus na tuistí

A Thuistí,

Táim i mbun taighde ar mhúineadh agus labhairt na Gaeilge agus ba mhian liom suirbhé a thabhairt don rang ina bhfuil do mhac/iníon. Bheinn faoi chomaoin agat dá dtabharfá cead dóibh a bheith páirteach sa suirbhé.

Le meas mór agam ort,

Mairead Ni Chonaill

Tugaim cead do mo mhac/iníon páirt a ghlacadh sa suirbhé;

Síniú an tuismitheora: _____.

Síniú an scoláire: _____

A Thuistí,

I am currently undertaking a research project based on 'Teaching and Learning Irish in an Aonad Ghaelcholáiste.' As part of my research I wish to conduct a survey with some of the students. I would be very grateful if you would give permission to your son/daughter to partake in this.

Le meas mór agam ort,

Mairead Ní Chonaill

I give permission for my son/daughter to partake in this survey.

Síniú an tuismitheora: _____

Síniú an scoláire: _____

Aguisín 2

Foirm aontaithe na scoláirí agus na tuistí (An t-Agallamh)

A Thuistí,

Táim i mbun taighde ar mhúineadh agus labhairt na Gaeilge agus ba mhian liom do mhac/iníon a chur faoi agallamh. Bheinn faoi chomaoin agat dá dtabharfá cead dóibh páirt a ghlacadh san agallamh.

Le meas mór agam ort,

Mairead Ni Chonaill

Tugaim cead do mo mhac/iníon páirt a ghlacadh san agallamh;

Síniú an tuismitheora:_____.

Síniú an scoláire:_____

A Thuistí,

I am currently undertaking a research project based on ' Teaching and Learning Irish in an Aonad Ghaelcholáiste.' As part of my research I wish to interview some of the students. I would be very grateful if you would give permission to your son/daughter to partake in this.

Le meas mór agam ort,

Mairead Ní Chonaill

I give permission for my son/daughter to partake in this interview.

Síniú an tuismitheora:_____

Síniú an scoláire: _____

Aguisín 3 & 4

Múinteoir: M.Ni Chonail
Rang: 1ú Bliain Date: 11ú Samhain 2013
Am: 10.20 r.n.

Treoracha;

Léigh na Ceisteanna seo a leanas go cúramach agus freagair iad chomh mácanta agus is féidir leat. Cuir tic in aice leis an bhfreagra is oiriúnaí. Má ta níos mó ná freagra amháin oiriúnach cuir tic in aice le gach ceann oiriúnach

Cuid A:

1) _____ **An dtaitníonn an Ghaeilge leat mar ábhar scoile?**

Taitníonn

Ní Thaitníonn

Cen fáth?

2) _____ **An maith leat a bheith ag labhairt na Gaeilge?**

Is maith liom

Ní maith liom

Cén fáth?

- 3) _____ **An Labhraíonn tú Gaeilge taobh amuigh de ranganna agus tú ar scoil?**
- a. Ní Labhraím
 - b. Uaireanta –má tá múinteoirí timpeall.
 - c. Labhraím

Cuid B: Conas a chuirfeá an Ghaeilge chun cinn sa Ghaelcholáiste?

1. _____
- a. Ba choir do na múinteoirí a bheith níos déine.
 - b. Ba choir níos mó siamsaíochta a chur ar fail ag am lóin.

Moltaí eile;

- 2) _____ **An gceapann tú gur buntáiste é dul ar scoil trí mhéan na gaeilge**
- a. Is buntáiste e.
 - b. Ní buntáiste é.
 - c. Ní dhéanann sé puinn difríochta.
 - d. Níl a fhios agam

- 3) _____ **An gceapann tu go bhfuil ranganna gaeilge**
- a. leadránach
 - b. Suimiúil go leor
 - c. easca
 - d. deacair

Cuid C:

- 1) _____ **Conas a chuirfeá feabhas ar an rang Gaeilge**
- a. Níos mó comhrá]
 - b. Níos mó gramadaí
 - c. Níos lú litríochta
- 2) _____ **An gceapann tú gur ceart gaeilge a labhairt ag am sosa?**
- a. [Tá]
 - b. Níl
 - c. Níl a fhios agam
- 3) _____ **An raibh ort gaeilge a labhairt am sosa sa bhunscoil?**
- a. [Bhí]
 - b. Ní raibh
- 4) _____ **An gceapann tú go bhfuil oideachas trí ghaeilge?**
- a. deacair]
 - b. Cuíosach deacair.
 - c. Éasca go leor.
 - d. Mar an gcéanna leis an mórscoil
 - e. eileí
- 5) _____ **Aon ráiteas eile**

Aguisín 4

Múinteoir: M.Ni Chonail
Rang: 6ú Bliain Date: 11ú Samhain 2013
Am: 11.00 r.n.

Treoracha;

Léigh na Ceisteanna seo a leanas go cúramach agus freagair iad chomh mácanta agus is féidir leat. Cuir tic in aice leis an bhfreagra is oiriúnaí. Má ta níos mó ná freagra amháin oiriúnach cuir tic in aice le gach ceann oiriúnach

Cuid A:

1) _____ **An dtaitníonn an Ghaeilge leat mar ábhar scoile?**

Taitníonn

Ní Thaitníonn

Cen fáth?

2) _____ **An maith leat a bheith ag labhairt na Gaeilge?**

Is maith liom

Ní maith liom

Cén fáth?

- 3) _____ **An Labhraíonn tú Gaeilge taobh amuigh de ranganna agus tú ar scoil?**
- a. Ní Labhraím
 - b. Uaireanta –má tá múinteoirí timpeall.
 - c. Labhraím

Cuid B: Conas a chuirfeá an Ghaeilge chun cinn sa Ghaelcholáiste?

1. _____
- a. Ba choir do na múinteoirí a bheith níos déine.
 - b. Ba choir níos mó siamsaíochta a chur ar fail ag am lóin.

Moltaí eile;

- 2) _____ **An gceapann tú gur buntáiste é dul ar scoil trí mhéan na gaeilge**
- a. Is buntáiste e.
 - b. Ní buntáiste é.
 - c. Ní dhéanann sé puinn difríochta.
 - d. Níl a fhios agam

- 3) _____ **An gceapann tu go bhfuil ranganna gaeilge**
- a. leadránach
 - b. Suimiúil go leor
 - c. easca
 - d. deacair

Cuid C:

- 1) _____ **Conas a chuirfeá feabhas ar an rang Gaeilge**
- a. Níos mó comhrá]
 - b. Níos mó gramadaí
 - c. Níos lú litríochta
- 2) _____ **An gceapann tú go bhfuil Gaeilge na hArdteiste oiriúnach do dhaltaí?**
- a. [Ceapaim]
Ní cheapaim
 - b.
 - c. Níl a fhios agam
- 3) _____ **An athrófa aon rud?**
- a. [D'athróinn]
 - b. Ní athróinn
- 4) _____ **Cad a d'athrófa?**
- a. An Scrúdú Béil]
 - b. Na sraitheanna Pictiúirí.
 - c. An t-Úrscéal
 - d. Na Scéalta agus na Dánta
 - e. Na hAistí
- 5) _____ **Aon mholtaí eile**

Aguisín 5

1. Cad é do thuairim faoin nGaeilge?
2. Cad a cheapann tú faoin oideachas atá ar fáil trí mhéan na Gaeilge?
3. An molfa é?
4. An bhfuil daltaí ann ná ch molfá dóibh dul ar scoil trí mhéan na Gaeilge?
5. Cad e do bharuil faoin nGaeilge mar ábhar scoile ar scoil?
6. Cad e do thuairim faoin gcaoi ina múintear í?
7. Conas a d'fheadfadh an scoil feabhas a chur ar labhairt na Gaeilge ag amanta sosa?
8. An gceapann tu go bhfuil múinteoirí dian go leor ar labhairt na Gaeilge san Aonad?
9. Ar mhúscail an Gaelcholáiste grá don Ghaeilge ionat?
10. An ceart go mbeadh cartaí Gaeilge/poinóis níos déine ar dhaoine ná ch labhraíonn Gaeilge?
11. Ar thaitin ranganna Gaeilge leat nuair a bhí tú ar scoil?
12. Conas is féidir feabhas a chur ar ranganna Gaeilge ar scoil?
13. Ar mhaith leat a bheith ag múineadh I Scoil lán-Ghaeilge amach anseo?
14. An bhfuil meon dearfach ag daltaí a théann ar scoil trí mhéan na Gaeilge I Leith na Gaeilge/
15. I do thuairim, Cad iad na dúshláin is mó atá ag an Gaelcholáiste?
16. An bhfuil aon tuairim agat chun na deacrachtaí sin a shárú?
17. Aon tuairimí eile?

Aguisín 6

An t-Agallamh

Cad é do thuairim faoin nGaeilge?

Is breá liom an Ghaeilge. Is ábhar iontach é. Bímid ag déanamh staidéir ar an nGaeilge gach lá ar scoil. Is ábhar fíor-shuimiúil agus greannmhar é.

Is cuid d'ár n-oidhreacht agus d'ár gcultúr é agus Caithfidimid é a choiméad beo.

Mar a dúradh cheana is cuid d'ár n-oidhreacht é ach anuas ar sin, tá sé an usáideach sa drámaíocht agus marsin de sa cheol. Teanga binn ceolmhar í.

Aontaím leat.

Cad a cheapann tú faoin oideachas atá ar fáil trí mhéan na Gaeilge?

Tugann oideachas trí Ghaeilge deis iontach duit do theanga féin a labhairt agus sa lá atá inniu ann tá an Ghaeilge ag fás nóiníní í gcúpla contae ach tugann sé an seans dúinn an Ghaeilge a labhairt ar scoil.

Mar a deir an seanfhocal ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.

An mólfá é? (Oideachas trí mhéan na Gaeilge)

Cinnté, mholfaínn é mar thíos san ollscoil bhíos thuas ag lá ollscoile seachtain ó shin agus tá comhairle (cumann) Gaeilge acu ann agus má tá tú i do bhall faigheann tu leath-phraghas ar do lóistín agus tá go leor buntáistí eile ag baint leis so is maith an rud é Gaeilge líofa a bheith agat.

An bhfuil daltaí ann nach mólfá dóibh dul ar scoil trí mhéan na Gaeilge?

Tá daltaí ann nach bhfuil aon bhaint acu léi, níl aon suim acu i scoil ná i nGaeilge, daoine ó thíortha eile a bhfuil oideachas a fháil acu in Éirinn, am. Is teanga eile í chun foghlaim ar scoil agus ní dóigh liom go bhfuil sé. am Tá sé crua dóibh dul ar scoil trí mhéan na Gaeilge.

Aontaím.

Má tá suim ag dalta is deis iontach é ach muna bhfuil ní bheadh siad ach ag tógáil trua sa seomra ranga muna bhfuil aon suim acu.

Cad é do thuairim faoin gcaoi a mhúintear an Ghaeilge?

Cuireann sí an iomad béime ar an gcúrsa agus cúrsaí Gramadaí agus ní chuireann sí an bhéim ar Ghaeilge labhartha agus na sraitheanna pictiúirí.

Conas is féidir feabhas a chur ar labhairt na Gaeilge ag amanta sosa?

Chun an teanga a chruthú(chaomhnú) i measc na páistí caithfidimid béim a chur ar drámaíocht ceol agus fiú spórt a bheith ar siúl, chun go mbeidh an Ghaeilge nádúrtha agus..Ma tá club Gaeilge bheadh suim ag daoine mar Gaeilge amháin a bheadh ar siúl.Dar liom féin, mar a dhéanaimid sna Coláistí Samhraidh.An rud is fearr ná Gaeilge a chur chun cinn tríd na rudaí eile.

Ceapaim gur chóir seomra caidrimh a bheith againn chomh maith agus má ta fonn ar dhaoine Gaeilge a labhairt ba chóir dóibh dul chuig an seomra sin agus an deis sin a usáid.

Dá mbeadh gach duine ag déanamh rud ní bheadh náire ar éinne,mar bheadh sé faiseanta ansin.

An gceapann tu go bhfuil na múinteoirí dian go leor ar labhairt na Gaeilge san Aonad?

Yeah tá siad,Cuireann siad an bhéim ar Ghaeilge a labhairt.

Ni féidir leo an iomad béime a chur air ach an oiread.

Ar mhúscail an scoil grá don Ghaeilge ionat?

I mo thuairim, sea, go dtí pointe áirithe.Dá mbeadh gach duine sa Ghaelcholáiste á labhairt ar feadh an lá ar fad agus ah, is maith an rud é an Ghaeilge a labhairt mar Is é is seo an tslí is fearr é d'aon teanga má labhraíonn tú é

Níl an caighdeán céanna ag na gnáth méanscoileanna agus atá. Má tá deacrachtaí acu leis an teanga gan amhras ní bheidh an grá acu don chultúr.

An bhfuil gra agat don Ghaeilge?

Is cinnte go bhfuil grá mór againn don Ghaeilge mar bhí sí ánn ó bhíomar 5 bliana d'aois ach is cinnte nách bhfuil an suim ag roinnt mhaith on méanscoil agus marsin is cinnte go gcuireann se grá don Ghaeilge ós do chomhair nuair a bhíonn tú ag freastail ar scoil tri mhéan na Gaeilge.

D'fhreastail an bheirt agaibh ar an Gaelcholáiste agus an mhórscoil. Cén ceann is fearr libh?

Cinnte, B'fhéarr liom oideachas tri mhéan na Gaeilge. bhí an t-ádh linn an deis a fháil chun teacht go dtí an Gaelcholáiste taréis an idirbhliain/teastas sóisearach agus cinnte ón uair sin tá mo ghrá don Ghaeilge ag éiri níos láidre an t-am ar fad agus am, ní raibh clú dá laghad agam san idirbhliain cad ba mhaith liom a dhéanamh taréis scoile ach nuair a thosaigh me anseo sa Ghaelcholaiste táim ag smaoineamh ar dlí agus Gaeilge a dhéanamh nó an bun mhúinteoireacht agus níl dabht ar bith go mbeidh baint ag Gaeilge leis an dhá chúrsa seo agus déanfaidh me mo dhícheall amach anseo chun í a choiméad beo.

An dóigh lé héinne eile go bhfuil féidireachtaí ann leis an nGaeilge taréis scoile?

Yeah tá, má theastaíonn uait dul le múinteoireacht.

Freisin ins na Meáin cumarsáide, tá an chuid féidireachtaí istigh i RnaG, i dTG4 agus marsin de. Murach an Ghaeilge, ní bheadh na deiseanna sin agat ach ta go leor daoine taréis cáil a bhaint amach agus thosaigh siad le TG4, daoine ar nós Hector agus a leithéid.

An ceart go mbeadh cártaí Gaeilge/pionós níos déine ar labhairt an Bhéarla ?

Sea, coiméad. (gáire ó gach éinne)

Bhuel, ba chóir daoine a chur ar choiméad.

An ceart labhairt na Gaeilge a fhágaint suas chuig an dalta féin?

(Tost)

Ní chothaíonn piónós grá don Ghaeilge ach ag an am céanna, muna bhfuil an piónós ann ní bheidh an teanga á labhairt acu so is ceist chonspóideach í sin.

Ar thaitin an Ghaeilge libh sa chéad bhliain agus sa dara bliain?

Ceapaim go bhfuil sé i bhfad níos fearr le haghaidh an Ardteist mar nuair a bhíomar sa teastas sóisearach ní raibh an bhéim ar an scrúdú béil agus marsin tá tú ag déanamh an ghramadach agus a leithéid an t-am ar fad agus éiríonn sé saghas leadránach. Sa chúigiú agus sa séú bliain an chuid is mo den ama táimid ag splalpadh Gaeilge agus is slí iontach é chun feabhas a chur ar do chuid Ghaeilge agus is cinnte go bhfuil sé í bhfad níos suimiúla.

Ina theannta sin, bíonn an seans againn caint agus scríobh faoi chúrsaí reatha san Ardteist ach sa Teastas Sóisearach bhí gach rud foghlamtha de ghlanmheabhair agus bhí sé just like le foghlaim agat.

Ní aontaím go hiomláin leis sin mar is cuimhin liom go raibh an chraic againn istigh sa rang leis an múinteoir. Bhíomar ag canadh agus ag damhsa agus chuir sí béim ar an gcultúr a bhaineann leis an Gaeilge chomh maith leis an nGaeilge.

An bhfuil níos mó grá agat don Ghaeilge anois ná mar a bhí say agus tú ag tosnú sa mhéanscoil?...nó ar tháinig aon athrú ar bhúr meon?

Ceist chonspóideach í sin, ar ndóigh.

Sa bhunscoil féictear go raibh sé cool an Béarla a labhairt agus níor bhac mórán daoine óga leis an nGaeilge a labhairt ansin ach anois tá tuiscint níos fearr againn ar an tábhacht a bhaineann leis so....

Conas is féidir feabhas a chur ar ranganna Gaeilge ar scoil?

Mar a duirt _____ ba chóir an chuid is mó den bhéim a chur ar an nGaeilge labhartha agus bheadh an suim ag daoine Gaeilge a dhéanamh muna mbeadh siad ag scríobh an t-am ar fad. Is slí iontach é chun taitneamh a bhaint as an ábhar mar níl tu ach ag caint le do chairde an t-am ar fad.

Ar mhaith libh a bheith ag múineadh i scoil lán-Ghaeilge amach anseo? (Tá a fhios agam go bhfuil suim ag cuid agaibh sa mhúinteoireacht so sin an fath leis an gceist)

Bhuel, chuaigh mé go dtí bunscoil Béarla ach taréis an idirbhliain bhogamar isteach sa Ghaelcholáiste like mhúscail sé grá don Ghaeilge ionam i bhfad níos láidre ná mar a bhí sé ach taréis sin tá an suim agam í múinteoireacht bunscoile agus is cinnte go bhfuil an spiorad agus an oidhreacht ann i scoileanna – Gaelscoileanna agus is cinnte marsin go mbeadh fonn orm.

Is dócha nách bhfuil suim ag gach duine sa Ghaeilge ach fíu é sin ráite dá mbeinn I mo mhúinteoir cinnte is scoil Gaeilge a bheadh ag teastáil uaim.

An bhfuil meon dearfach ag daltaí atá ag dul ar scoil trí mhéan na Gaeilge?

Sea, is dócha mar i scoileanna níos lú bíonn an bhaint ag gach éinne le gach éinne eile agus cuireann sé sin stop le amaideacht ar nós bullaíocht agus marsin de.

So tá suim ag gach dalta sa scoil foghlaim é

Cad iad na deacrachtaí is mó atá ag an nGaelcholáiste sa lá atá inniu ann?

Tá sé deacair dul isteach sna ranganna mórscoile mar níl fhios agat aon duine.

Tá ábhar áirithe deacair a dhéanamh trí mhéan na Gaeilge...Yeah, Yeah..ábhair ar nós Eolaíocht

Ar mhaith libh ábhair cosúil leis an Eolaíocht agus an Tíreolaíocht agus an Stair trí mhéan an Bhéarla?

Cinnte, tá na téarmaí I bhfad níos deacra trí mhéan na Gaeilge.agus an Stair agus an Tíreolaíocht –tá siad I

bhfid níos áisiúla toisc gur chuaigh tu chuig ar scoil trí mhéan na Gaeilge ó chúig bliana d'aois.

Cad é an Ghaeilge ar

Níl múinteoirí anseo chun múineadh Stair agus Tíreolaíocht don Ardteist.

Níl siad ar fáil trí mhéan na Gaeilge don ardteist.

Ach, Nách bhfuil sé níos éasca Eolaíocht agus ábhair marsin agus a dhéanamh trí Bhéarla don Ardteist abair atá sé trí mhéan na Gaeilge don Ardteist mar nách féidir leat dul ar aghaidh go dtí an ollscoil agus Eolaíocht a staidéar ansin trí Bhéarla nách mbeifeá saghas caillte ansin gan an Béarla ar eolas agat (Mórscoil)

Tá an chuid is mó is Béarlachas atá ann so like-as Béarla tá sé an shoiléir cad atá I gceist.

Caithfidh daltaí ón nGearmáin agus áiteanna eile ar domhain teacht go hÉirinn agus rudaí a dhéanamh trí Bhéarla agus ní bhíonn fadhb acu so.....

An bhfuil aon fhadhbanna eile le sárú sa Ghaelcholáiste?

Tá sé ábháirín beag agus marsin ní fhaightear aon daltaí idirnáisiúnta so ní bhíonn an meascán cultúir céanna.

Yeah, bhuel, I suppose níl aon tseans daltaí idirnáisiúnta a fháil trí mhéan na Gaeilge but an bhfuil aon tuairimi eile agaibh faoin Gaelcholáiste nó todhchaí na Gaeilge nó aon rud marsin?

Bhuel déarfainn, is ábhar imní é go bhfuil na múinteoirí ag éirí níos sine agus ní fheictear an méid sin muinteoirí ag teacht isteach sa Ghaelcholáiste mar a fheictear sa mhórscoil.

OOOh!!!

Is rud ginearálta é sin ach an.....ta an méid sin daoine óga ag dul ar scoil trí Ghaeilge ach tá ganntanas múinteoirí agus marsin. Ach, é sin ráite, ceapaim go bhfuil aitmeasféar álainn istigh sa Ghaelcholáiste mar is ionad beag suimiúil e agus fíu nách bhfuil mórán ann bíonn guth agus ardglór le cloisteáil timpeall na scoile

gach bliain fíú sa cheoldráma, bíonn sé déanta suas leath agus leath le daltaí ón mórscóil agus daltaí ón nGaelcholáiste so tá deiseanna ar leith ag gach dalta.

Is cinnte gur ábhar inní e ach ag an am céann go bhfuil na múinteoirí ag eirí níos sine(gáire) ach ag an am céanna...(ag fás nóiníní)(gáire eile)

Deirtear nách cóir go mbeimís buartha faoi sin mar creidim go láidir go bhfuil an suim agus an grá san Ghaeilge againn a fuaireamar ónár múinteoirí seo agus tá seans maith go mbeimid ina áit amach anseo.

Agus _____, an bhfuil aon tuairimí agat faoin Gaeilge amach anseo ?

Is breá liom an Ghaeilge agus cuireann sé uafás orm nuair a bhíonn daoine ar nós _____ ag caitheamh aníos air (gáire ó gach éinne mar Is cairde iad agus ta se ag magadh faoi).Is dóigh liom go bhfuil todhchaí breá ag an scoil seo agus rachaidh sé ó neart go neart amach anseo, déarfainn.

Tír gan teanga, tír gan anam.

Sin é .

So,Críochnóimid ansin.